

SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA HÉIREANN

Láirionad Gnó an IDA, Bóthar Bhéal Átha na Lao, An Longfort, Co. an Longfoirt

Teileafón: 043 333 5100 Facs: 043 333 5371 Láithreán gréasáin: www.irishprisons.ie Ríomhphoist: info@irishprisons.ie



SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA HÉIREANN

Tuarascáil Bhliantiúil 2007

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL SHEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN 2007

Ráiteas Mísin

Is é is mísean do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann daoine a chuirtear go príosún a choimeád slán sábháilte ar bhonn daonnachtúil. Tá an tseirbhís tiomanta do bhainistiú pianbhreitheanna coimeáda ar bhealach a spreagann na príosúnaigh ina n-iarrachtaí saol a bheith acu a mbeadh cuspóir leis agus a bheadh géilliúil don dlí agus a bheith ina mbaill fhiúntacha den sochaí agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

CLÁR

Tuarascála an Chathaoirligh agus an Ard-Stiúrthóra	02
Baill an Bhoird	06
Coimeád na bPríosúnach	08
Aire agus Athshlánú na bPríosúnach	18
Acmhainní Daonna	26
Bainisteoireacht Eastát na bPríosún	28
Airgeadas	30
Na hInstitiúidí	34
Aguisíní	40

TUARASCÁLA AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Bhí foráis shuntasacha i Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain 2007, idir dhílárú rathúil a ceannárais corparáidigh go dtí An Longfort, mhórineistíocht in eastát na bPríosún, fheachtas mór earcaíochta ar ábhar oifigeach príosúin, ghéarú ar bhearta slándála agus feidhmiú leanúnach rathúil ar athrú eagraíochtúil. Leanann Bord Eatramhach Údarás na bPríosún (“An Bord”) dá pháirt in éindí leis an Ard-Stiúrthóir, i gcuidiú le ceannasaíocht a sholáthar, agus tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don athrú i gcóras na bPríosún.



Brian McCarthy
Cathaoirleach

Cruinnithe an Bhoird Eatramhaigh

Bhí cúig chruinniú den Bhord ann le linn 2007. Dhírigh na cruinnithe ar na cláir chinniúnacha athraithe atá faoi shiúl nó pleanáilte sa tSeirbhís. Chaith an Bord tréimhse shuntasach ama ar fheidhmiú na mbeart a aontaíodh orthu sa Togra um Athrú Eagraíochtúil, Clár Caipitil na bPríosún - go háirithe athlonnó na bPríosún ar Champas Mhuinseo agus Phríosún Chorcaí - agus ar fheidhmiú slánbhainistíocht airgid i rialú costais príosúin. Tá an Bord i gcónaí den tuairim go bhfuil sé riachtanach go n-éireoidh le Seirbhís na bPríosún sna earnála bunúsacha seo má tá sí le hardán a bhunú leis an gcóras coimeáda agus aire a fhorbairt go dtí an caighdeán a mbeifí ag súil leis ó sheirbhís fhíor-nua-aimseartha agus éifeachtach.

Tionscnaimh Chaipitil

The Board was pleased to see further progress of the Government's Ba ábhar sásaimh é don Bhord a thabhairt faoi deara go raibh dul chun cinn níos mó fós ar chlár cuimsitheach caipitil príosún an Rialtais -- is é atá ar intinn 40 faoin gcéad d'eastát na bPríosún a athshuíomh sna blianta atá romhainn.

Is é an ceann is mó de na tograí seo coimpléasc nua príosúin a fhorbairt ar láithreán úrnua in ionad na n-áiseanna ar champas Mhuinseo ar bhonn luach ar airgead agus comhpháirtíochta príobháidí poiblí. Cuirfidh an coimpléasc príosúin nua ag Halla Thornton, Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh, cóiríocht ar fáil do 1,400 príosúnach taobh istigh de réimse cúinsí slándála mar aon le soláthar áiseanna athshlánaithe le cuidiú le príosúnaigh a ullmhú le hathimeascadh sa sochaí.

Ar na tionscnaimh chaipitil eile a bhí faoi shiúl le linn 2007 bhí Tionscnamh Chill Uird. Is é atá sa tionscnamh seo athshuíomh Phríosún Chorcaí go láithreán úrnua ag Cill Uird, Contae Chorcaí.

Fuarthas faomhadh ón Rialtas le linn na bliana tuairim is 160 acra a shannadh ó thailte faoi úinéireacht na Roinne Cosanta. Críochnaíodh réamhthuarascáil ar oiriúnacht an láithreáin le linn na bliana agus d'fhaomhaigh an Bord réamhchás gnó maidir leis an tionscnamh.

Bhí mórthionscnaimh tógála faoi shiúl nó críochnithe i bPríosún Phort Laoise, Mainistir Shelton, Teach Locháin, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún Luimnigh agus Príosún Ghort na Cruithneachta, tionscnaimh arb é a gcuspóir cóiríocht bhreise nó fheabhsaithe a chur ar fáil do phríosúnaigh agus don fhoireann. Reachtáladh clár cuimsitheach d'obair choinneála freisin i ngach ceann dár n-institiúidí le creatlach eastát na bPríosún a chosaint agus le leas agus sábháilteacht na bPríosúnach agus na foirne a chinntiú.

Foráis Pholasaí

Bhí áthas ar an mBord a thabhairt faoi deara gur tosaíodh i 2007 ar chlár oibreacha le tabhairt isteach ionaid chuardaigh ardslándála ag gach bealach isteach chuig institiúidí iata. Ar na bearta tá innill X-ghathaithe, brathadóirí miotail siúil-tríd agus soláthar áiseanna ar mhaithe le húsáid madraí brathadóireachta drugaí ag bealaí isteach sna bPríosún. Cuireadh tús sa Phríosún Lár Tíre i 2007 le hinsealbhú scéime píolótaí teicneolaíocht bhunaithe le húsáid guthán póca a chosc. Bhí toradh dearfach ar mheasúnú ar an gcóras agus socraíodh scóp na scéime píolótaí a leathnú leis an gcuid is mó de choimpléasc an phríosúin a chlúdach. Bhí bearta maidir leis an scéim a leathnú fós ar siúl ag deireadh 2007.

Tá géarghá leis na bearta seo le cosc a chur le sreabhadh contrabhanna isteach sna príosúin agus le cur in aghaidh méadú ar ghníomhaíochtaí coiriúla taobh istigh agus ag escair as na príosúin agus le réimeas sábháilte agus slán a choinneáil i bhfeidhm ar mhaithe le príosúnaigh agus foireann araon.

Maidir leis sin fáiltíonn an Bord freisin roimh chinneadh an Rialtais acmhainní foirne a fhaomhadh le tacú leis na bearta slándála. Is cuid den tionscnamh bunú Grúpa Tacaíochta Oibríochta agus aonad speisialaithe taobh istigh de na príosúin le scagadh slándála agus bailiú faisnéise a éascú.

I Márta 2007 reachtáladh mórfheachtas earcaíochta le hEarcaigh Oifigeach Príosúin a earcú, céim nua a tugadh isteach i gcomhthéacs feidhmiú an an POC a aontaíodh i mí Iúil 2005. Ceapadh 265 baill fhoirne i 2007 agus fostaíodh iad ar na coinníollacha seirbhíse ar aontaíodh orthu maidir leis na hEarcaigh Oifigeach Príosúin nua.



Athrú Eagraíochtúil

D'fháiltigh an Bord roimh fheidhmíú rathúil leanúnach an phróiseas athraithe aontaithe atá sa POC a d'aontaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann le Cumann na nOifigeach Príosúin. Faoi na socrúithe nua, bíonn foireann faoi chonradh méid áirithe uaireanta a oibríú sa bhliain seachas sa tseachtain, rud a chuireann ar chumas na bainisteoireachta freastal a eagrú le teacht níos fearr le riachtanais na hoibre faoi chúinsí nach bhfuil intuartha.

Fáiltíonn an Bord roimh laghdú de 17 faoin gcéad i saoire bhreiteachta na foirne i gcomparáid le leibhéalacha 2006. Ba ábhar imní don Bhord na leibhéalacha de shaoire bhreiteachta agus is ea i gcónaí. Bíonn sé thar a bheith deacair réimeas ar mhaithe le leas na bpríosúnach a chur i bhfeidhm má lagaítear leibhéalacha foirne de dheasca easláithreacha breiteachta garthéarmacha. Leanfaidh an Bord de mhonatóireacht ar fheidhmíú an POC agus leibhéalacha saoire bhreiteachta.

Bainistíocht Airgeadais

Tá slánbhainistíocht airgeadais riachtanach má tá rialú iomlán le cur ar chostais príosúin ar mhaithe le riar níos mó de bhuiséad na bpríosún a chaitheamh ar sheirbhísí agus áiseanna níos fearr do na príosúnaigh. Lean an Bord Eatramhach le dianmhonatóiracht ar chaiteachas na Seirbhíse Príosúin i 2007 agus bhí áthas orthu go ndearnadh dul chun cinn suntasach arís i srianú costas príosúin -- go háirithe maidir le ragobair.

Príosúnaigh agus Meabharghalar orthu

Léirigh an Bord imní, mar a rinne i dTuarascála Bliantúla roimhe seo, maidir leis an mhoill i gcúram a fháil do phríosúnaigh ag an Ospidéal Meabharghalar Láir. Is ábhar imní don Bhord i gcónaí nach bhfuiltear fós ag glacadh le hothair chomh minic agus atá riachtanach. Leanfaidh an Bord Eatramhach de aire a thabhairt don ghnó seo mar braitheann sé go bhféadfaí fabhsuithe níos mó a dhéanamh ag an saoráid atá ann cheana féin i nDún Droma sula rachfaí ar aghaidh le forbairt saoráide nua atá molta don suíomh ag Halla Thornton.

Fochoiste Luach Saothair

Rinne Fochoiste Luach Saothair an Bhoird athbhreithniú arís ar fheidhmíocht an Ard-Stiúrthóra maidir le spriocanna réamhbheartaithe ag eascair as an Scéim Íocaíochtaí Feidhmíochta do Phríomhfheidhmeannaigh ar Chomhlachtaí Neamhthráchtálacha Státurraithe. Chuir an Fochoiste san áireamh ina moladh an mhórfháirt phearsanta a ghlac an tArd-Stiúrthóir in athrú a chur chun cinn le linn 2007.

Bord Reachtúil

Is ábhar díomá é do bhaill an Bhoird i gcónaí an mhoill atá ar bhunú an Bhoird mar chomhlacht reachtúil.

Brian McCarthy

Cathaoirleach

Bord Eatramhach Údarás na bPríosún

RÉAMHRÁ - TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

Do:

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Diarmiud Ó hÉachtairn TD



Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir

A Aire,

Cuireann sé áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2007 a chur chugat.

Cé gur lean rialú na bpríosún, bainistiú líon na bpríosúnach agus soláthar ar chóiríocht chúil agus ar sheirbhísí do phríosúnaigh mar ghníomhaíochtaí tosaíochta againn, ba iad an dá earnáil bhunúsach ar a dhíríomar le linn 2007 slándáil ár bpríosún agus clár tógála na bpríosún. Tá sé riachtanach díriú ar shlándáil le cosc a chur ar an sreabhadh de chontrabhanna isteach sna príosúin, le cur in aghaidh an mhéadú ar ghníomhaíochtaí coiriúla eagraithe taobh istigh de na príosúin agus ag eascair astu agus le réimeas sábháilte agus slán a choinneáil do phríosúnaigh agus don fhoireann araon.

Líon na bPríosúnach

Le linn 2007 bhí iomlán de 11,934 orduithe cimithe ann i 2007, i gcomparáid le 12,157 i 2006. Bhí iomlán de 9,711 daoine i gceist sna cimithe sin. Astu sin ba náisiúnaigh Éireannacha iad 6,447, íslíú de 352 ar líon 2006. Ba náisiúnaigh neamh-Éireannacha beagnach trian de na daoine a ndearnadh cimiú orthu i 2007.

Bhí iomlán de 6,455 cimiúithe faoi phianbhreith le linn na bliana, méadú ar an líon de 5,802 a bhí i 2006. Ábhar spéise é gur beag athrú atá tagtha ar líon na ndaoine atá ag fulaingt téarmaí níos lú ná dhá bhliain, tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine atá ag fulaingt téarmaí níos faide agus tá a dhá oiread de dhaoine ag fulaingt téarmaí de 10 mbliain agus níos faide (do chionta gnéis agus drugaí den chuid is mó).

Ba é meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád i 2007 ná 3,321 -- méadú de 130 ar an meánlíon i 2006. Ba é meánlíon na gciontóirí baineanacha 111, méadú beag ar leibhéal 2006. Bhí an líon áiteanna sa chuid is mó de na príosúin lán nó beagnach lán i 2007.

Bearta Feabhsaithe Slándála

I mí an Mheithimh d'fhaomhaigh an Rialtas na hacmhainní riachtanacha dúinn pacáiste de bhearta nua slándála a thabhairt isteach. Díreoidh na bearta seo ar na bealaí trína n-iompraítear contrabhanna ar nós drugaí, gléasanna troda agus gutháin phóca isteach inár bpríosúin. Ó shin i leith tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag eagrú an bhonneagair fhisiciúil atá riachtanach do na bearta seo agus ag earcú na foirne breise.

Cuireanna na hacmhainní breise ar ár gcumas bunú Aonad Madraí Brathadóireachta Drugaí, tabhairt isteach scagadh slándála don phearsanra uile a bheas ag teacht isteach inár bpríosúin iata, ar a mbeidh brathadóirí miotail síúl tríd agus scannóirí X-gathaithe; bunú Aonaid Tacaíochta Oibríochta i ngach príosún iata, agus seoladh aonaid nua idirdheighilte athchuir do bhaill dúdhronganna coiriúla agus drugaí.

I mí Aibreáin thugamar faoi fhorbairt úrnua teicneolaíochta i gCoimpléasc Phríosún Lár Tíre/Phort Laoise le húsáid guthán póca a chosc sna príosúin. Go dtí seo bhí torthaí dearfacha ar an tionscnamh agus, má dhearbhaítear iad sin, cuirfeadh na coscairí isteach inár bpríosúin iata uile.

Clár Tógála na bPríosún

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2007 ar fheidhmiú chlár tógála na bpríosún a dhéanfaidh athshuíomh ar thart faoi 40% den eastát príosún a bhfuil droch-chaoi air nuair a bheas sé críochnaithe de réir mar atá geallta i gClár an Rialtais.

Is é an tionscnamh is ardaidhmní sa chlár seo, ar ndóigh, athshuíomh na gceithre príosún ar Champas Mhuinseo go príosún nua ag Halla Thornton i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Leanadh d'obair freisin ar feadh na bliana ar thionscnaimh nua ag Príosúin Luimnigh, Phort Laoise, Ghort na Cruithneachta agus an Chaisleáin Riabhaigh agus ag Mainistir Shelton agus Teach Locháin. Bhí sé suntasach go bhfuarthas láthair 160 acra i rith na bliana ag Cill Uird. Is é atá in intinn cóiríocht nua a thógáil in áit an phríosúin atá i gCorcaigh faoi láthair. Sa chomhthéacs seo táimid buíoch as comhoibriú na Roinne Cosanta agus an Airm.



Dílárú

Díláraíodh Ceannáras Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ó Chluain Dolcáin go dtí an Longfoirt i mí Iúil 2007. Bhí an-athas agus méid áirithe faoisimh orm go ndearnadh an t-aistriú go rathúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hOifig na nOibreacha Poiblí as oifigí galánta nua a sholáthar dúinn agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Comhairle Contae an Longfoirt as éascú a dhéanamh ar dhul chun cinn réidh an tionscnaimh seo.

Bhíomar ar cheann de na oifigí Rialtais ba thúsice a d'aistrigh go suíomh nua faoin gclár díláraithe agus chiallaigh sé sin athlonnú líon foirne an Cheannárais ina iomláine. In ainneoin go raibh athrú de breis agus 80% ar an bhfoireann mar thoradh ar an aistriú go dtí an Longfort, ní dheachaigh sé sin i bhfeidhm ar an ngnó nó ar sheirbhísí do pháirtithe leasmhaire. Ba mhór an gaisce é seo agus is mór an chreidiúint atá ag dul don bhainisteoireacht agus don fhoireann, idir shean agus nua, a d'oibrigh le chéile le blianta beaga anuas le go n-éireodh leis an aistriú.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le buíochas a ghabháil leis an bhfoireann a d'aistrigh amach as an gceannáras roimh an aistriú go dtí an Longfort as a bpáirtíocht mar dhaoine aonair agus mar ghasra i bhforbairt na seirbhíse go dtí an seasamh atá aici inniu. Fáiltím rompu siúd atá tar éis teacht isteach i bhfoireann an cheannárais chuig an eagraíocht agus tá áthas orm gur éirigh leis an tSeirbhís Phríosúin daoine cumasacha agus cáilithe a mhealladh sa Longfort.

Conclúid

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus a réamhtheachta Brian Ó Luineacháin, TD agus Micheál Mac Dubhghaill as a dtacaíocht le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le hArd-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus a fhoireann uile, go háirithe iad siúd i Rannóg na bPríosún agus Polasaí Promhtha, as a gcúnamh agus a dtacaíocht.

Sa deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Baill Bhorad na bPríosún agus Bainisteoireacht agus Foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. as a dtiomanacht leanúnach agus as a ngairmiúlacht.

Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir

BAILL AN BHOIRD 2007



Brian McCarthy
Cathaoirleach



Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir



Mairead Ahern



Anne Counihan



Kathleen O'Neill



Jim O'Hanrahan



Jerry Kiersey



Michael Whelan



Jimmy Martin



Tom Hoare



Frank McCarthy



Michael O'Shea

STIÚRTHÓIRÍ NA CEANNCHEATHRÚN

AN TAIRE DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS & ATHCHÓIRITHE DLÍ

Bord Eatramhach Údaráis
na bPríosún

An tArd-Rúnaí,
An Roinn Dlí agus Cirt,
Comhionannais & Athchóirithe Dlí



Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir

William Connolly
Stiúrthóir Oibríochtaí
Príosúnaigh a Choimeád,
Daonra na bPríosún
a Bhainistiú



John Conlan
Stiúrthóir Eastát agus Airgeadais
Bainistíocht Eastáit,
Tionscadal Thornton,
An Lár-Aonad Ceannaigh,
Teicneolaíocht Faisnéise



Dr. Enda Dooley
Stiúrthóir Cúram Sláinte
Altranas Cúram
Sláinte na bPríosúnach,
Cógaslann na bPríosún



Derek Brennan
Stiúrthóir na Réimeanna
Athshlánú agus Cúram Príosúnach,
Sainseirbhísí (Oideachas,
Síceolaíocht, Gairmoiliúint
agus Séiplínigh)



Michael Fay
Stiúrthóir Acmhainní Daonna
Bainistíocht Acmhainní Daonna,
Oiliúint agus Forbairt,
Caidrimh Thionsclaíocha



Michael Rigney
Seirbhísí Corparáideacha
agus Stiúrthóir ICT*
Rúnaí an Bhoird,
Pleanáil Straitéiseach,
Teicneolaíocht Faisnéise
agus Cumarsáide



*Ceapadh an tUas. Rigney mar Stiúrthóir Sheirbhísí Corparáideacha agus ICT i Samhain 2007.
Tháinig sé in áit Brian Fitzpatrick Uas. a d'aistrigh go dtí an Coimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisig níos luaithe sa bhliain.


01 COIMEÁD NA BPRÍOSÚNACH

Bhí 11,934 cimithe go príosún ann i 2007 ar a raibh 5,715 cimithe faoi phianbhreith, 4,967 cimithe ar athchur, 1,249 cimithe faoin dlí inimirce agus bhí triúr faoi chiomeád go ceann tréimhse éiginnte as díspeagadh cúirte. Bhí 9,711 duine i gceist sa 11,934 cimithe.


Líon na gcimithe i 2007

Rinneadh cimiú ar 11,934 daoine i 2007, i gcomparáid le 12,157 i 2006. D'fhéadfadh duine a bheith san áireamh níos mó ná uair amháin dá ndéanfaí cimiú air níos mó ná uair amháin le linn na bliana. Bhí laghdú de 1.8 faoin gcéad ann le hais líon 2006.

Fíor 1: Cairt – Cimiú go príosún 2001 go 2007



Fíor 2: Cimiú in aghaidh na míosa 2007



Ar an iomlán de 11,934 bhí:

- 5,715 cimiú faoi phianbhreith,
- 4,967 cimiú ar athchur,
- 1,249 cimiú faoi dhlí na hinimirce agus
- triúr do thréimhse éiginnte de dheasca díspeagadh cúirte.

Bhí an cimiú ag an leibhéal ba airde i mí Iúil agus i nDeireadh Fómhair agus ag an leibhéal ba ísle i Lúnasa agus bhí meán de 995 sa mhí i gceist. Féach Táblaí 19 go 21 agus Fíor 2 thíos le haghaidh sonraí.

Líon na ndaoine a ndearnadh cimiú orthu i 2007

Bhí iomlán de 9,711 daoine i gceist sna 11,934 cimithe. Baineann an líon seo le daoine a ndearnadh cimiú orthu as an nua (i.e. ní raibh siad á n-athchur nó ag fulaingt pianbhreithe eile). Tá an líon seo ar aon dul leis an iomlán i 2006 -- 9,700. Ba é 1.23 meánlíon na gcimithe in aghaidh na phríosúnaigh i 2007 i gcomparáid le 1.25 i 2006.

Tábla 1: Daoine a ndearnadh cimiú orthu 2001 go 2007

Bliain	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Líon	9,539	9,716	9,814	8,820	8,686	9,700	9,711
Athrú	-	177	98	-994	-134	1,014	11
% Athrú	-	1.9	1.0	-10.1	-1.5	11.7	0.1

I dtéarmaí inscne bhí 88.1 faoin gcéad de na daoine a ndearnadh cimiú orthu fireann agus 11.9 faoin gcéad acu baineann i gcomparáid leis an miondealú i 2006 nuair a bhí 90.1 faoin gcéad fireann agus 9.9 faoin gcéad baineann.

Tábla 2: Aois agus inscne daoine a ndearnadh cimiú orthu i 2007

Aois (blianta)	Bain.	Fir.	Iomlán	%
15	0	1*	1	0.0
16	0	100	100	1.0
17	5	141	146	1.5
18 - <21	142	1,164	1,306	13.4
21 - <25	216	1,831	2,047	21.1
25 - <30	265	1,835	2,100	21.6
30 - <40	355	2,171	2,526	26.0
40 - <50	133	949	1,082	11.1
50+	39	364	403	4.1
Iomlán	1,155	8,556	9,711	100.0
%	11.9	88.1	100.0	

* Cimiú ar feadh oíche amháin le cead an Bhreithimh agus a Abhcóide Cosanta féin ó ní raibh spás i Scoil Theach na Tríonóide, Baile an Oibrigh.

Contae agus Tír Dhúchais

D'fhógair trian (33.3%) de na daoine a cimidh gurbh é Baile Átha Cliath a gcontae cónaithe. Ba iad Corcaigh le 9.5%, Luimneach le 5.5% agus Gaillimh le 3.7% na contaetha ba mhine a luadh ina dhiaidh sin mar chontaetha cónaithe.



Tábla 3: Seoladh baile, de réir contae, tugtha ag daoine a ndearnadh cimiú orthu i 2007, de réir inscne

Contae	Bain.	Fir.	Iomlán	%
Aontroim	2	31	33	0.3
Ard Mhacha	0	16	16	0.2
Ceatharlach	15	74	89	0.9
An Cabhán	3	107	110	1.1
An Clár	10	156	166	1.7
Corcaigh	78	848	926	9.5
Doire	0	19	19	0.2
Dún na nGall	6	138	144	1.5
An Dún	1	15	16	0.2
Baile Átha Cliath	331	2,900	3,231	33.3
Fear Manach	0	5	5	0.1
Gaillimh	15	344	359	3.7
Ciarráí	17	127	144	1.5
Cill Dara	16	175	191	2.0
Cill Chainnigh	14	97	111	1.1
Laois	8	113	121	1.2
Liatroim	3	32	35	0.4
Luimneach	53	484	537	5.5
An Longfort	3	76	79	0.8
Lú	11	198	209	2.2
Maigh Eo	8	145	153	1.6
An Mhí	14	150	164	1.7
Muineachán	3	93	96	1.0
Uíbh Fhailí	4	110	114	1.2
Ros Comáin	3	61	64	0.7
Sligeach	3	58	61	0.6
Tiobraid Árann	18	221	239	2.5
Tír Eoghain	0	11	11	0.1
Port Láirge	15	208	223	2.3
An Iarmhí	15	156	171	1.8
Loch Garman	9	114	123	1.3
Cill Mhantáin	13	129	142	1.5
Níor luadh	159	831	990	10.2
Taobh amuigh den tír	305	314	619	6.4
Iomlán	1,155	8,556	9,711	100.0

Astu siúd ba náisiúnaigh Éireannacha 6,447 (66.4%) as an iomlán (9,711),

laghdú de 352 ar a chomhionann de líon i 2006 -- 6,799. Ba neamh-náisiúnaigh Éireannacha beagnach trían de na daoine a ndearnadh cimiú orthu i 2007.

Ba náisiúnaigh den Aontas Eorpach taobh amuigh d'Éirinn iad 1,354 (13.9%) de na daoine a ndearnadh cimiú orthu. Ba náisiúnaigh ó thíortha Eorpacha eile iad 311 (3.2%), náisiúnaigh Afracacha 612 (6.3%), náisiúnaigh Áiseacha 611 (6.3%) agus náisiúnaigh ó Mheiriceá Láir agus Theas 303 (3.1%). Féach Tábla 4 le haghaidh sonraí breise.

Tábla 4: Comparáid ar náisiúnacht mar a thug daoine cimithe i 2007 agus 2006

Náisiúnacht	2006		2007		Athrú	
	l	%	l	%	l	%
Éireannach	6,799	70.1	6,447	66.4	-352	-5.2
Ríocht Aontaithe.	226	2.3	228	2.3	2	0.9
Aontas Eorpach eile*	785	8.1	1,126	11.6	341	43.4
Eorpach eile	618	6.4	311	3.2	-307	-49.7
Afracach	550	5.7	612	6.3	62	11.3
Áiseach	483	5.0	611	6.3	128	26.5
Astrál-Áiseach	6	0.1	4	0.0	-2	-33.3
Meiriceánach Láir nó Theas	183	1.9	303	3.1	120	65.6
Meiriceánach Thuaidh	19	0.2	18	0.2	-1	-5.3
Gan taifead	31	0.3	51	0.5	20	64.5
Iomlán	9,700	100.0	9,711	100.0	11	0.1
Aontas Eorpach (Éire san áireamh)	7,810	80.5	7,803	80.3	-8	-0.1
AE eile (Ríocht Aon. san áireamh)	1,011	10.4	1,354	13.9	343	33.9

* Tháinig méadú ar an líon ó thíortha eile AE mar gheall ar theacht isteach na Bulgáire agus na Rómáine go dtí an Aontas Eorpach ar 1 Eanáir 2007. Tá laghdú dá réir ar an líon do 'Eorpach Eile'.

Cimiú faoi phianbheith

Bhí 5,715 daoine cimithe go díreach faoi phianbheith i 2007. Má chuirtear san áireamh 740 breise príosúnach a bhí faoi choimeád nó ag feitheamh ar thriail cheana féin ag tús na bliana agus a ndearnadh athchimiú orthu nuair a ciontaíodh iad, is é 6,455 líon na bpríosúnach ar glacadh leo i 2007. Ba fhireannaigh iad 5,979 díobhsan (92.9%) agus ba bhaineannaigh 476 (7.4%) díobh.

Tábla 5 : Príosúnaigh phianbhreithe de réir aoise

AOISGHRÚPA	Iomlán	Iomlán %
16	39	0.6
17	84	1.3
18 - <21	930	14.4
21 - <25	1,480	22.9
25 - <30	1,342	20.8
30 - <40	1,582	24.5
40 - <50	683	10.6
50+	315	4.9
Iomlán	6,455	100

Fad téarmaí príósúnachta


Bhí méadú de 11.3 faoin gcéad i líon na ndaoine a cimidh faoi phianbhreith i 2007 (6,455) thar 2006 (5,802). Tháinig méadú de 40 ar chimidh do théarmaí faoi bhun trí mhí, méadú de 2,253 go 2,293 (1.8%). Mar sin féin, tháinig laghdú ar an gcatagóir seo de théarma mar chuid den líon iomlán a cimidh faoi phianbhreith, 35.5% den iomlán faoi phianbhreith i gcomparáid le 39% i 2005 agus 2006 araon. Cé go raibh méadú ar líon na bpríosúnach ag fulaingt téarmaí ó 3 go 6 mhí agus ó bhliain go dhá bhliain ní raibh aon athrú, tríd is tríd, ar a gcodán den daonra príósúin iomlán le hais 2006. Tá an méadú is suntasaí le hais 2006 le tabhairt faoi deara i bhfad téarmaí ó 2 go níos lú ná 3 bliana suas go príósúntacht saoil, mar shampla bhí méadú 52 (18.5%) go 333 ar líon na bpríosúnach faoi théarmaí 2 bhliain go níos lú ná 3 bliana; bhí méadú ar chóhort 3 go faoi bhun 5 bliana de 110 (44.0%) go 360; an 5 bliana go faoi bhun 10 mbliain de 63 (37.5%) go 231; agus ba ag an gcóhort breis is 10 mbliain a bhí an méadú ba mhó ó 20 ciontóirí i 2006 go 47 i 2007 (135%), toradh ar chionta gnéis, go príomha in airde ó thríú i 2006 go 17 i 2007 agus ar chionta drugaí, méadú ó thiúr ciontóir i 2006 go 22 i 2007. Tháinig méadú 27.8 faoin gcéad ó 18 i 2006 go 23 i 2007 ar líon na bpríosúnach a bhí ag fulaingt príósúntacht saoil. Léiríonn Táblaí 5-9 sonraí breise do 2007.

Mar ba ghnáth sna blianta atá caite gur daoine idir 21 agus 40 bliain d'aois ba mhó a cuireadh i bpríosún. B'ionann iad agus 68.2 faoin gcéad den iomlán (4,404) i gcomparáid le 65.9 faoin gcéad i 2006.

Ba é líon na ndaoine a daoradh go príósún agus iad faoi bun 21 bliain d'aois ná 1,053 (16.3%) méadú de 38 ar iomlán 2006. Ba é líon na ndaoine a daoradh agus iad faoi bhun 18 mbliana 123 (1.9%). Bhí an duine ba óige in aois a 16.

Ba é líon na ndaoine in aois a 40 nó níos mó 998, méadú 3.9 faoin gcéad de mhéadú ar an iomlán de 961 i 2006. Bhí 15.5 faoin gcéad den iomlán san aoisghrúpa seo, laghdú ó 16.6 faoin gcéad i 2006 agus 17.5 i 2005. Féach Táblaí 5 - 9 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Fíor 3: Aoisphróifíl daoine a cimidh i 2007



Cimidh de réir grúpa cionta

Baineann Seirbhís Phríósúin na hÉireann leas as ceithre príomhaicme le heolas faoi chineál na gcionta a léiriú.

Grúpa 1 (Cionta in aghaidh an duine)

Bhí 882 cimithe faoi phianbhreith i 2007 as cionta in aghaidh an duine (Grúpa 1), 780 arb ionann é agus 13.7 faoin gcéad d'iomlán 2007. Ba é 780 a chomhionann de líon i 2006, arbh ionann é agus 13.4 faoin gcéad den chimidh iomlán faoi phianbhreith sa bhliain sin.

Grúpa 2 (Cionta in aghaidh sealúis gan fhorneart) agus Grúpa 3 (Cionta in aghaidh sealúis le forneart)

Ba é 1,785 an méid iomlán cimithe i leith cionta in aghaidh sealúis i gcomparáid le 1,625 i 2006. As an iomlán seo rangáidh 41 cimidh mar cionta in aghaidh sealúis le forneart. Ba é 63 a chomhionann i 2006.

Grúpa 4 (Cionta eile)

Is é an grúpa is mó faoin teideal seo tríd is tríd daoine a cimidh as cionta drugaí, cionta tráchta bóthair agus cionta éagsúla eile a mbaineann mórchuid díobh le heasord poiblí. Léirigh an trí fhoctagóir méadú thar 2006.

- Bhí cimidh ar phianbhreith do chionta drugaí méadaithe go suntasach ó 395 nó 6.8 faoin gcéad d'iomlán 2006 go 529 nó 8.2% d'iomlán 2007, méadú 33.9% sa chatagóir seo.
- Mhéadaigh cimidh faoi phianbhreith do chionta tráchta bóthair ó 1,452 i 2006 (25.0 faoin gcéad d'iomlán 2006) go 1,565 (24.2 faoin gcéad d'iomlán 2007). Is ionann é seo agus méadú de 7.8 faoin gcéad sa chatagóir seo.
- Mhéadaigh cimidh faoi phianbhreith maidir le cionta éagsúla eile ó 1,550 i 2006 (26.7 faoin gcéad) go 1,694 (26.7 faoin gcéad) i 2007, méadú de 9.3 faoin gcéad sa chatagóir seo.
- Bhí téarmaí príósúin do chionta tráchta bóthair agus cionta éagsúla eile gairid go maith le hais catagóirí eile.
- Bhí beagnach leath (48.6 faoin gcéad) de na téarmaí do chionta tráchta bóthair níos lú ná trí mhí agus bhí 79 faoin gcéad níos lú ná sé mhí.
- Bhí beagnach 62 faoin gcéad de na téarmaí do thréimhsí níos lú ná trí mhí agus 80 faoin gcéad níos lú ná sé mhí.

Tá miondealú níos mine ar chionta i dTábla 6.

Tábla 6 : Miondealú de réir Cur Síos Oifigiúil ar Chionta maidir le cimiú i 2007

	Bain.	Fir.	2007		2006	
			lom.	%	lom.	%
lomlán Grúpa 1:						
<i>Cionta in aghaidh an Duine</i>	45	837	882	13.7	780	13.4
Dúnmharú	0	19	19	0.3	17	0.3
Dúnorgain	1	18	19	0.3	18	0.3
Cionta Gnéis	0	116	116	1.8	90	1.6
Cionta Eile in aghaidh an Duine	44	684	728	11.3	655	11.3
lonsaí	23	338	361	5.6	343	5.9
lonsaí is trúig dhíobhála	12	194	206	3.2	155	2.7
lonsaí ar Gharda	4	23	27	0.4	32	0.6
lonsaí is trúig dhíobhála choirp	0	20	20	0.3	26	0.4
Cionta eile	5	109	114	1.8	99	1.7
lomlán Grúpa 2:						
<i>Cionta in aghaidh Sealúis le Fomeart</i>	1	40	41	0.6	63	1.1
lomlán Grúpa 3:						
<i>Cionta in aghaidh Sealúis gan fhorneart</i>	154	1,590	1,744	27.0	1,562	26.9
Gadaíocht	113	574	687	10.6	602	10.4
Díobháil Choiriúil	7	323	330	5.1	308	5.3
Buirgléiracht - lomlán	1	189	190	2.9	115	2.0
Robáil	7	159	166	2.6	99	1.7
Láimhsiú Sealúis Ghoidte	13	76	89	1.4	92	1.6
Dul Isteach ar Fhoirgneamh agus é ar ntinn Cion a Dhéanamh	2	68	70	1.1	61	1.1
Cionta Eile sa Chatagóir seo	11	201	212	3.3	285	4.9
lomlán Grúpa 4:						
<i>Cionta Eile</i>	276	3,512	3,788	58.7	3,397	58.5
Cionta Drugaí	41	489	530	8.2	395	6.8
Cionta Tráchtá Bóthair	122	1,442	1,564	24.2	1,452	25.0
Gan árachas (Úsáideoir/Úinéir)	54	657	711	11.0	671	11.6
Tiomáint ar Meisce (Sampla Anála/Fola/Múin)	9	180	189	2.9	130	2.2
Tiomáint Chontúirteach (Róthapa/Neamhaireah)	2	103	105	1.6	69	1.2
Tógáil Neamhúdraithe ar Fheithicil Innealltiomána	1	90	91	1.4	75	1.3
Neamhthaispeáint Diosca (Árachas/Cáin Bhóthair/TNG/Páirceáil)	16	84	100	1.5	42	0.7
Easpa Ceadúnas Tiomána (Úinéir/Tiománaí)	8	44	52	0.8	38	0.7
Carraireacht Neamhúdraithe i/ar Fheithicil Inneallghluaiste	1	36	37	0.6	25	0.4
Cionta Tráchtá Bóthair Eile	31	248	279	4.3	402	6.9
Cionta Eile	113	1,581	1,694	26.2	1,550	26.7
Iompar Bagarthach/Díobhlithe/Maslach in Áit Phoiblí	25	456	481	7.5	461	7.9
Cionta Féichiúnacha (Féichiúnaí/Teip Cothabháil a Íoc)	19	195	214	3.3	194	3.3
Meisce in Áit Phoiblí	8	127	135	2.1	113	1.9
Teip géilleadh do threoir ó Gharda (Comhraic in Aghaidh Gabhála/Bac)	10	126	136	2.1	56	1.0
Seilbh ar sceana nó ábhair eile	2	74	76	1.2	69	1.2
Teip Teachta i Láthair (Dáta Athchuir/Dáta tosaigh)	5	74	79	1.2	52	0.9
Sárú ar Ordú Urchoisc (Ordú Eatramhach/Cosanta/Sábháilteachta)	3	56	59	0.9	47	0.8
Teip tuairiscí cáin ioncaim a sholáthar	0	24	24	0.4	30	0.5
Briseadh Síochána	0	30	30	0.5	24	0.4
Cionta Eile sa Chatagóir seo	41	419	460	7.1	504	8.7
lomlán	476	5,979	6,455	100.0	5,802	100.0

Tábla 7 : Fad téarmaí de réir aois an chiontóra i 2007

Aois	<3 Mhí	3 - <6 Mhí	6 - <12 Mhí	1 - <2 Bl.	2 - <3 Bl.	3 - <5 Bl.	5 - <10 Bl.	10 + Bl.	Saol	lom.
16	5	12	17	0	3	2	0	0	0	39
17	18	20	37	4	1	3	1	0	0	84
18 - <21	285	198	232	84	55	49	24	2	1	930
21 - <25	457	326	310	150	84	99	44	7	3	1,480
25 - <30	420	295	263	116	86	84	55	16	7	1,342
30 - <40	610	337	298	93	67	88	69	14	6	1,582
40 - <50	322	140	102	36	27	22	26	7	1	683
50+	176	46	26	26	10	13	12	1	5	315
lomlán	2,293	1,374	1,285	508	333	360	231	47	23	6,455

Tábla 8 : Cion de réir fad téarma an chiontóra i 2007

Grúpa Cionta	<3 Mhí	3 - <6 Mhí	6 - <12 Mhí	1 - <2 Bl.	2 - <3 Bl.	3 - <5 Bl.	5 - <10 Bl.	10 + Bl.	Saol	lom.
Dúnmharú	0	0	0	0	0	0	0	0	19	19
Dúnorgain	0	0	0	1	1	0	13	3	1	19
Cionta Gnéis	1	5	9	26	14	14	29	17	1	116
Cionta Eile										
in aghaidh an Duine	77	156	158	127	84	89	33	2	2	728
Cionta in aghaidh Sealúis le Forneart	1	3	6	5	10	8	6	2	0	41
Cionta in aghaidh Sealúis gan Fhorneart	332	357	555	198	125	131	45	1	0	1,744
Cionta Drugaí	78	70	119	49	47	67	78	22	0	530
Cionta Tráchtá Bóthair	761	469	228	57	26	20	3	0	0	1,564
Cionta Eile	1,043	314	210	46	26	31	24	0	0	1,694
lomlán	2,293	1,374	1,285	508	333	360	231	47	23	6,455

Tábla 9 : Cionta de réir aois an chiontóra

CUR SÍOS AR AN nGRÚPA CIONTA	16	17	18 - <21	21 - <25	25 - <30	30 - <40	40 - <50	50+	lom.
Dúnmharú	0	0	1	2	7	4	1	4	19
Dúnorgainr	0	0	3	5	6	3	2	0	19
Cionta Gnéis	0	1	7	8	18	21	24	37	116
Cionta Eile									
in aghaidh an Duine	7	9	153	202	140	143	51	23	728
Cionta in aghaidh Sealúis le forneart	0	0	8	11	8	13	1	0	41
Cionta in aghaidh Sealúis gan Fhorneart	23	44	293	404	388	422	138	32	1,744
Cionta Drugaí	0	1	53	142	148	145	35	6	530
Cionta Tráchtá Bóthair	6	12	215	367	345	374	171	74	1,564
Cionta Eile	3	17	197	339	282	457	260	139	1,694
lomlán	39	84	930	1,480	1,342	1,582	683	315	6,455

Daoine gafa faoi dhlíthe inimirce


Rinneadh cimiú 1,249 uaire i 2007 ar 1,145 daoine maidir le ceisteanna inimirce. Is ionann é sin agus méadú de 3% thar an 1,113 daoine a gabhadh i 2006. Ba é 24 an meánlíon laethúil de dhaoine a bhí faoi choimeád sa chatagóir seo.

Líon na bpríosúnach faoi choimeád

Bhí an chuid is mó de na príosúin lán nó beagnach lán i 2007. Is beag difríocht idir an meánlíon míosúil de phríosúnaigh agus an meánlíon bliantúil, agus leibhéalacha coimeáda níos airde i Meitheamh, Iúil agus Samhain. Féach Tábla 26.

- Ba é 3,321 an meánlíon laethúil foriomlán de phríosúnaigh faoi choimeád i 2007, le hais 3,191 i 2006.
- Ba é 111 an meánlíon de chiontóirí baineanacha, le hais 106 i 2006.
- Ba é 3,474 meánlíon foriomlán na ndaoine sa chóras príosúin i 2007, líon ar ionann é agus méid na bpríosúnach faoi choimeád (3,321) móide iad siúd a bhí ar scaoileadh sealadach. (153). Is iad na sonraí comhionann do 2006 3,191 faoi choimeád agus 140 ar scaoileadh sealadach, is é sin meán de 3,331.

Fíor 4: Tréimhse caite faoi choimeád ag daoine a cimidh faoi na hAchtanna Inimirce



Tábla 10: Meánlíon laethúil na bpríosúnach de réir na hinstiúide

Institiúid	Spás Leapacha	Meánlíon faoi choimeád	% Spás Leapacha	Scaoileadh Sealadach Inmheasta	Iom	Ciontóirí Gnéis	Cásanna Barántas Inimirce
Cnoc an Arbhair	139	138	99.3	0	138	80	1
An Caisleán Riabhach	228	230	100.9	3	233	19	0
Cnoc na Seime	432	418	96.8	3	421	0	16
Corcaigh	268	264	98.5	23	287	6	1
Luimneach (b)	20	19	95.0	5	24	0	0
Luimneach (f)	274	277	101.1	13	290	3	1
Teach Locháin	105	87	82.9	5	92	0	0
Lár Tíre	465	442	95.1	13	455	74	1
Muinseo (b)	86	92	107.0	22	114	0	4
Muinseo (f)	540	518	95.9	37	555	0	0
Port Laoise	198	117	59.1	1	118	0	0
Mainistir Shelton	60	55	91.6	14	69	0	0
Naomh Pádraig	216	197	91.2	3	200	7	0
Ionad Traenála	96	91	94.8	4	95	0	0
Gort na Cruithneachta	374	376	100.5	7	383	60	0
Iomlán	3,501	3,321	94.9	153	3,474	249	24

Roghbhlúire de Dhaonra na bPríosún

Is é próifíl dhaonra na bpríosún ar aon lá ar leith is fearr a thugann léargas cruinn ar na príosúnaigh atá againn taobh istigh den chóras. Féach Táblaí 26 go 29 le haghaidh sonraí breise.

Bhí daonra iomlán de 3,334 sna príosúin ar 5 Nollaig 2007

• Faoi phianbhreith	2,696
• Faoi Athchur/Fanacht ar thriail/Eile	619
• Inimirce	19

San iomlán seo bhí 228 ciontóirí ag fulaingt téarmaí as dúnmharú agus 84 as dúnorgain. Bhí 471 (17%) ciontair as cionta drugaí agus 191 (7%) as cionta tráchtá bóthair.

Bhí 239 príosúnaigh faoi phianbhreitheanna saoil agus 208 eile ar théarmaí fadchinnnte de 10 mbliain nó níos mó, is é sin 8.9 faoin gcéad, agus 7.7 faoin gcéad den daonra príosúin faoi seach.

Maidir le príosúnaigh ar théarmaí níos lú, bhí 57 ciontóirí ar théarmaí níos lú ná trí mhí, arb ionann é agus beagán de bhreis ar 2% den daonra príosúin faoi phianbhreith. Bhí 16 príosúnach i bpríosún de bharr neamhíocaíocht fiach nó fineálacha.

Maidir le náisiúnacht, ba náisiúnaigh Éireannacha iad 89.5 faoin gcéad den líon iomlán daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2007.

Tábla 11: Náisiúnacht na ndaoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2007

	Bain.	Fir.	Iom.	Bain. %	Fir. %	Iomlán %
Éireannach	50	2,363	2,413	2.1	97.9	89.5
Ríocht Aontaithe	4	70	74	5.4	94.6	2.7
EA Eile	6	100	106	5.7	94.3	3.9
Eorpach Eile	1	20	21	4.8	95.2	0.8
Afracach	4	52	56	7.1	92.9	2.1
Áiseach	0	13	13	0.0	100.0	0.5
Meiriceánach Láir/Theas	1	8	9	11.1	88.9	0.3
Meiriceánach Thuaidh	0	4	4	0.0	100.0	0.1
Iomlán	66	2,630	2,696	2.4	97.6	100.0

Tábla 12: Aoisphróifíl na bPríosúnach faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2007

	Bain.	Fir.	Iom.	Bain. %	Fir. %	Iomlán %
16	0	10	10	0.0	100.0	0.4
17	0	21	21	0.0	100.0	0.8
18 - <21	7	290	297	2.4	97.6	11.0
21 - <25	7	543	550	1.3	98.7	20.4
25 - <30	24	588	612	3.9	96.1	22.7
30 - <40	16	677	693	2.3	97.7	25.7
40 - <50	8	306	314	2.5	97.5	11.6
50+	4	195	199	2.0	98.0	7.4
Iomlán	66	2,630	2,696	2.4	97.6	100.0

Tábla 13: Próifíl Théarmaí na bPríosúnach faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2007

	Bain.	Fir.	Iom.	Bain. %	Fir. %	Iomlán %
<3 Mhí	4	53	57	7.0	93.0	2.1
3 to <6 Mhí	2	124	126	1.6	98.4	4.7
6 to <12 Mhí	12	263	275	4.4	95.6	10.2
1 to <2 Bhliain	8	344	352	2.3	97.7	13.1
2 to <3 Bliana	7	286	293	2.4	97.6	10.9
3 to <5 Bliana	17	499	516	3.3	96.7	19.1
5 to <10 mBliain	9	621	630	1.4	98.6	23.4
10+ Bliana	2	206	208	1.0	99.0	7.7
Téarma Saoil	5	234	239	2.1	97.9	8.9
Iomlán	66	2,630	2,696	2.4	97.6	100.0

Tábla 14: Próifíl Chionta na bPríosúnach faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2007

	Bain.	Fir.	Iom.	%
Iomlán Grúpa 1:				
Cionta in aghaidh an Duine	17	937	954	35.4
Dúnmharú	5	223	228	8.5
Dúnorgain	4	80	84	3.1
Cionta Gnéis	0	237	237	8.8
Cionta Eile in aghaidh an Duine	8	397	405	15.0
lonsaí	1	100	101	3.7
lonsaí is trúig dhíobhála	5	148	153	5.7
lonsaí ar Gharda	0	8	8	0.3
lonsaí is trúig dhíobhála choirp	0	17	17	0.6
Cionta Eile	2	124	126	4.7
Iomán Grúpa 2:				
Cionta in aghaidh Sealúis le Forneart	0	86	86	3.2
Iomlán Grúpa 3:				
Cionta in aghaidh Sealúis gan Fhorneart	17	679	696	25.8
Gadaíocht	7	155	162	6.0
Damáiste Coiriúil	1	91	92	3.4
Buirgléiracht - Iomlán	0	89	89	3.3
Robáil	2	179	181	6.7
Láimhseáil sealúis ghoidte	3	19	22	0.8
Dul isteach ar fhoirgneamh agus é ar intinn cion a dhéanamh	0	14	14	0.5
Cionta Eile sa Chatagóir seo	4	132	136	5.0
Iomlán Grúpa 4:				
Cionta Eile	32	928	960	35.6
Cionta Drugaí				
Cionta Tráchta Bóthair	1	189	190	7.1
Gan árachas (Úsáideoir/Úinéir)	0	36	36	1.3
Tiomáint ar Meisce (Sampla Anála/Fola/Múin)	0	17	17	0.6
Tiomáint Chontúirteach (Róthapa/Neamhaireach)	0	17	17	0.6
Feithicl Inneallghluaiste a thógaint gan údarás	0	60	60	2.2
Neamhthaipéaint Diosca (Árachas/Cáin Bhóthair/TNG/Páirceáil)	0	2	2	0.1
Gan Cheadúnas Tiomána (Úinéir/Tiománaí)	0	5	5	0.2
Carraireacht Neamhúdaraithé i/ar Fheithicl Inneallghluaiste.	1	8	9	0.3
Cionta Tráchta Bóthair Eile	0	45	45	1.7
Cionta Eile	8	290	298	11.1
Iompar Bagarthach/Díbhliithe/Maslach	0	36	36	1.3
Cionta Féithiúnaithe (Féithiúnaí/Teip cothabháil a íoc)	0	6	6	0.2
Ar meisce in áit phoiblí	0	4	4	0.1
Teip géilleadh don Gharda Síochána (Comhraic in aghaidh gabhála/bac)	1	11	12	0.4
Seilbh ar sceana & ábhair eile	0	21	21	0.8
Teip teacht i láthair (Dáta Athchuir/Dáta Tosaigh)	4	16	20	0.7
Sárú ar Ordú Urchoisc (Ordú Eatramhach/Cosanta/Sábháilteachta)	1	12	13	0.5
Teip Tuairiscí Cáin Ioncaim a dhéanamh	0	1	1	0.0
Briseadh na Síochána	0	1	1	0.0
Cionta Eile sa Chatagóir seo	2	182	184	6.8
Iomlán	66	2,630	2,696	100.0

Scaoileadh Sealadach

Leagtar amach in An tAcht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach) 2003 agus Rialacha um Phríosúnaigh (Scaoileadh Sealadach) 2004 an bunús reachtúil le cumhacht an Aire scaoileadh sealadach a dheonú ó leagann siad amach na príonsabail taobh thiar de chleachtadh na cumhachta seo. Cuireann an tAcht ar fáil freisin bunús soiléir agus trédhearcach, chomh maith leis na cosaintí riachtanacha atá de dhíth, le córas na scaoilte sealadaí a oibriú.

Ba é 154 meánlón na ndaoine faoi phianbhreith a bhí ar scaoileadh sealadach le linn 2007. Is ionann é sin agus 4.4 faoin gcéad de líon iomlán na bpríosúnach sa chóras. Sin ardú 0.2 faoin gcéad ar líon na bliana roimhe.

Deonaítear tréimhsí éagsúla de scaoileadh sealadach ar mhéid breise príosúnach aimsir na Nollag. Ba é 137 an líon díobh i 2007. Is ionann é sin agus thart faoi 4 faoin gcéad de dhaoine na bpríosúnach agus ba laghdú suntasach é ar an líon i Nollaig 2006, 238 príosúnaigh.

Bhí éagsúlacht sna tréimhsí saoire ó roinnt uair a chloig (agus duine freagrach eile in éindí i gcásanna áirithe) go deich n-óiche. Bíonn gach scaoileadh faoi réir dianchoiníollacha, agus orthu sin bhí gá don phríosúnach é féin a chur in iúl ag stáisiún áitiúil an Gharda sa chuid is mó de na cásanna. Is féidir go ngabhfaidh na Gardaí príosúnach ar bith a sháródh na coiníollacha seo agus go gcuirfidís ar ais go dtí an príosún é láithreach.

Bhí na príosúnaigh a scaoileadh go sealadach aimsir na Nollag ag teacht go deireadh a dtéarmaí agus ba é sábháilteacht an phobail ba mhó ba chás nuair a bhí iarratais á mbeithniú. Ar an critéir a cuireadh san áireamh, de bhreis ar chúinsí taisúla agus daonnachtúla, bhí nádúr agus tromchúis an cheana, fad an téarma a bhí curtha de, staraíocht roimhe sin ar scaoileadh sealadach, iompar faoi choimeád agus staraíocht choiriúil.

Go ginearálta, machnaítear ar phríosúnaigh maidir le scaoileadh sealadach faoi chúinsí éagsúla, mar shampla, scaoileadh faoi mhaoirseacht dhíreach na Seirbhíse Promhaidh; go fostaíocht nó cláir thraenála; ar saoire atruach mar gheall ar dhrochshláinte nó chúinsí dá réir i muintir na duine; ar chúiseanna athimeasctha ó bíonn said ag teacht chuig deireadh a dtéarmaí. Is uirlis thábhachtach sa phróiseas athshlánaithe feidhmiú géarchúiseach na scaoilte sealadaí. Baintear leas as uaireanta le plódú a mhaolú trí príosúnaigh gan mórán dochair a scaoileadh go luath agus iad ag teacht chuig deireadh a dtéarmaí. Déantar cinneadh ar leith i ngach cás ar bhonn fiúntas an iarratais.

Éalú agus teicheadh ó choimeád

Ní raibh aon éalú ó iamhas príosúin iata le linn 2007 ach theich triúr príosúnach ó choimeád oifigeach príosúin taobh amuigh d' institiúid iata agus tá siad seo ar taifead i dTábla 15.

Theich iomlán de 135 príosúnaigh ó choimeád, ó ionad oscailte nó fad is a bhí siad ar thuras faoi thionlacan (le hoifigeach, séiplíneach príosúin nó seirbhísí tacaíochta eile, ar nós na nOifigeach Leasa agus Promhaidh). Theip ar roinnt iarrachtaí éalaithe mar gheall ar airdeall na foirne tionlacain. Bhí 106 díobhsan a d'éaligh nó a theich ar ais faoi choimeád faoi dheireadh na bliana.

Tábla 15: Éalú agus Teicheadhó choimeád i 2007

Príosún	Éalú	Teicheadh Iomlán	Ar ais faoi choimeád (roimh 31/12/07)	Fós saor (31/12/07)
Cnoc an Arbhair	0	0	0	0
An Caisleán Riabhach	1	0	1	0
Cnoc na Seime	1	0	1	0
Corcaigh	0	0	0	0
Luimneach	1	0	1	0
Teach Locháin	0	61	61	43
Lár Tíre	0	0	0	0
Muinseo (b)	0	1	1	0
Muinseo (f)	0	0	0	0
Port Laoise	0	0	0	0
Mainistir Shelton	0	72	72	58
Naomh Pádraig	0	0	0	0
Ionad Traenála	0	1	1	0
Gort na Cruinneachta	0	0	0	0
Iomlán	3	135	138	106

Básanna faoi choimeád

Tharla sé bhás faoi choimeád i 2007. Bhí cúirteanna cróinera le reachtáil fós i ngach ceann de na cásanna seo ag deireadh na bliana.

Fuair Derek Glennon bás ar 25 Meitheamh tar éis gur ionsaigh príosúnach eile é.

Gutháin phóca sna príosúin

De réir Alt 36 d'Acht na bPríosúin 2007, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Bealtaine 2007, is cion é do phríosúnaigh gaireas móibíleach teileachumarsáide a bheith ina seilbh acu gan údarás nó a leithéid a úsáid.

Breathnaítear ar gutháin phóca mar ghairis thar a bheith leasmhar a d'fhéadfadh tacú le gníomhaíocht mhídhleathach agus is é cosc a soláthair ceann de na dúshláin is mó ag príosúin ar fud an domhain.

Is cion é freisin faoin Acht a leithéid de ghaireas a sholáthar do phríosúnach. Ar na pianóis as a leithéid de chion, ar chiontú achomair tá fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúntacht do théarma nach mó ná 12 mhí nó an dá cheann, agus ar chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €10,000 nó príosúntacht do théarma nach mó ná 5 bliana nó an dá cheann.

Is é polasaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gabháil guthán póca a thuairisciú d'údarás an Gharda. Faoi dheireadh 2007 bhí 2,124 gutháin phóca gafa sna hinstiúidí.

An Bord Eatramhach Parúil

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Parúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna príosúnach le pianbhreitheanna do théarmaí fada agus le comhairle a chur ar fáil maidir le riaradh na mbeirtheanna sin.

Cuireadh cásanna 74 príosúnaigh faoi bhráid an Bhoird le linn 2007. De bhreis orthu sin cuireadh dhá chás eile ar ais chuig an Bord agus ghlac príosúnach amháin leis an gcuireadh a bheith páirteach sa phróiseas athbhreithnithe tar éis dó diúltiú roimhe sin., rud a chiallaigh go raibh iomlán de 77 cásanna ann.

Chomh maith le plé le tarcchuir nua, leanadh de 108 cásanna ó 2006, ag céimeanna éagsúla den phróiseas athbhreithnithe, agus cuireadh 44 cásanna ar an gclár le hathbhreithniú don dara huair nó níos mó.

Le linn 2007 chuir an Bord moltaí ar fáil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le 73 cásanna, an líon céanna agus a bhí ann sa bhliain roimhe sin. Ghlac an tAire le moltaí iomlána an Bhoird sa chuid is mó de chásanna.

Toradh ar mholtaí a rinne an Bord Parúil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Moltaí déanta	73
Torthaí	
Moltaí glactha ina n-iomláine	66
Moltaí ar glacadh le gnéithe díobh	4
Moltaí nár glacadh leo	1
Cinneadh an Aire le teacht	2

An Cúnant um Aistriú Daoine Daortha -- staidreamh

Tá iomlán de 134 príosúnaigh aistrithe go córas príosúin na hÉireann ón gcoigríoch agus 91 díobh aistrithe amach ó tháinig an tAcht um Dhaoine Daortha 1995 i bhfeidhm ar 1 Samhain 1995.

Sa bhliain 2007 aistríodh ochtar príosúnach isteach sa Stát, 6 ón Ríocht Aontaithe, 1 ón Spáin agus 1 ón tSeapáin. Aistríodh 14 príosúnaigh ón ndlínse seo le linn 2007 8 chuig an Ríocht Aontaithe, 2 go Tuaisceart Éireann, 3 go dtí an Ísiltír agus 1 go dtí na Stáit Aontaithe

02 CÚRAM AGUS ATHSHLÁNÚ PRÍOSÚNACH

Tá sé mar aidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann raon seirbhísí cúraim a chur ar fáil do phríosúnaigh atá ar chomhchaidheán leo sin atá ar fáil don phobal i gcoitinne. Áirítear ar na seirbhísí sin, seirbhísí leighis, fiacloireachta, síciatracha, síceolaíochta, oideachais, gairmoideachais, oibre, leasa, spioradálta, comhairliúcháin agus áineasa. Tá na seirbhísí sin tábhachtach maidir le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na bpríosúnach a chothú agus chun iad a ullmhú le bheith páirteach sa tsochaí arís nuair a scaoiltear saor iad.

Bhí éileamh mór fós ann do na seirbhísí thuasluaite in 2007. Chabhraigh na socrúithe nua eagraíochta agus oibre faoin mBeart um Athrú Eagraíochta réimeanna agus seirbhísí na bpríosúnach a thabhairt ar ais, ar réimeanna agus seirbhísí iad a bhí sríanta ag bearta sriantachta buiséadacha a tugadh isteach in 2004 de bharr cúinsí caidrimh thionsclaíochta.

Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreithe

Sentence management processes have operated in the Irish prison Tá próisis bainistíochta pianbhreithe i bhfeidhm i gcóras príosún na hÉireann le roinnt blianta anuas chun leasa na bpríosúnach agus an phobail i gcoitinne araon. Le linn an ama seo, áfach, níl an leas is mó bainte as na próisis sin de bharr roinnt cúinsí.

Tá athrú tagtha ar an gcás le tamall anuas mar gheall ar shocrúithe nua rialúcháin, eagraíochta agus oibre, i dteannta le clár leanúnach nuachóirithe eastát na bpríosún mar aon le cláir agus seirbhísí nua a thabhairt isteach. In 2007, chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann tús le córas Bainistíochta Comhtháite Pianbhreithe (ISM) a bhí comhordaithe ina iomlán. Cuirfidh an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 maoiniú ar fáil don tionscnamh seo.

Is é a bheith i gceist le ISM treoshuíomh nua maidir le seirbhísí a sheachadadh do phríosúnaigh agus béim nua ar phríosúnaigh freagracht phearsanta níos mó a thabhairt orthu féin dá bhforbairt féin trí rannpháirtíocht ghníomhach le seirbhísí sainithe agus neamhshainithe sna príosúin. Is é an toradh deiridh a bheith ann cur chuige ildisciplíneach a bheith dírithe ar an bpríosúnach agus soláthar do mheasúnacht tosaigh, spriocanna a shocrú agus athbhreithniú tréimhsiúil chun dul chun cinn a thomhas.

Seirbhís Oideachais na bPríosún

Seachadtar oideachas sna príosúin trí chomhpháirtíocht idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus raon gníomhaireachtaí oideachais ón bpobal i gcoitinne. Is iad na Coistí Gairmoideachais agus Seirbhísí Leabharlainne Poiblí is mó a chuireann seirbhísí oideachais ar fáil do Sheirbhís Oideachais na bPríosún agus is taca iad di.

Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta 220 múinteoir lánaimseartha ar fáil do na príosúin tríd na Coistí Gairmoideachais sa bhliain acadúil 2006/07. Mar gheall air sin, cuireadh oideachas ar fáil i ngach príosún, lena n-áirítear soláthar do mhónna an tsamhraidh agus socrúithe speisialta múinteoireachta do phríosúnaigh a bhí scartha óna chéile. Ina theannta sin, oibríonn tríúr leabharlannaithe lánaimseartha, atá fostaithe ag Leabharlanna Poiblí Bhaile Átha Cliath, i bpríosúin i gceantar Bhaile Átha Cliath agus oibríonn foireann pháirtaimseartha leabharlainne i bpríosúin oscailte ag Teach Locháin agus Mainistir Shelton. Thosaigh beirt leabharlannaithe lánaimseartha ag obair i bpríosúin Phort Laoise agus an Láir Tíre in 2007. Cabhraíonn foireann na bpríosún oideachas a chur ar fáil i réimsí áirithe. Cabhraíonn oifigigh príosúin le foireann leabharlainne agus is iadsan a fheidhmíonn seirbhísí leabharlainne i roinnt príosúin.

Cuireann gníomhaireachtaí eile go mór le hoideachas sna príosúin, mar shampla:

- Open University, a fhreastalaíonn ar níos mó ná 100 príosúnach in aghaidh na bliana ag leibhéal na céime ar chúrsaí cianoideachais,
- An Chomhairle Ealaíon, a chuireann ceardlanna do scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí ar fáil;
- Coláistí tríú leibhéal eile, amhail an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, a bhfuil baint acu le príosúin Phort Laoise agus an Láir Tíre, agus an Roinn Dlí de Choláiste na hOllscoile Chorcaí, a bhfuil baint aici le Príosún Chorcaí.

Tá Aonad Oideachais ar ardchaidheán ar fáil ag Teach Locháin ón mbliain 2007 agus bhí Aonad Oideachais ag druidim chun críche i Luimneach.

An Curaclam

Is cuspóirí, modhanna agus ábhar cúrsaí a bhaineann le haoideachas atá i gceist den chuid is mó le soláthar oideachais i bpríosúin. Úsáidtear creidiúnú Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oilíúna (FETAC) in oideachas na bpríosún agus caighdeán dearbhaithe cáilíochta FETAC á gcomhlíonadh ag gach ionad oideachais príosúin.



Tríd is tríd, is féidir cúrsaí a rangú mar seo a leanas:

- Bunoideachas, lena n-áirítear Litearthacht, Uimhirtheacht agus Múineadh an Bhéarla mar an Dara Teanga.
- Ábhair ghinearálta, e.g. Béarla, Stair, Tíreolaíocht, Matamaitic, Teangacha, Teicneolaíocht Faisnéise.
- Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile agus Oideachas Sláinte.
- Na hEalaíona, e.g. Amharcealaíona, Ceol, Drámaíocht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Grianghrafadóireacht agus Déanamh Scannán.
- Cúrsaí Teicneolaíochta (e.g. Adhmadóireacht, Miotalóireacht) agus Gairneoireacht.
- Cúrsaí a thugann aghaidh ar fhadhbanna nó riachtanais faoi leith a bhaineann le príosúnaigh, e.g. cúrsaí Réamh-Scaoilte, Feasacht Andúile, Cúram Leanáí, Scileanna Grúpa, Láimhseáil Feirge.

Rannpháirteachas san oideachas

Athraíonn rannpháirteachas san oideachas de réir fachtóirí ar nós rochtana, áiseanna, athrú daonra sna príosúin agus scaradh na bpríosúnach óna chéile. Faoi dheireadh 2007, de réir figiúirí rollaithe ar sheachtain shamplach, bhí 50% de phríosúnaigh rannpháirteach san oideachas agus nach mór 25% dóibh sin rannpháirteach ar feadh 10 n-uaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine. Is féidir an patrún rannpháirteachais do gach príosún a fheiceáil i dTábla 16. Is ionann rannpháirteachas san oideachas agus duine a bheith rannpháirteach i rang struchtúrtha amháin ar a laghad sa tseachtain shamplach.

Tábla 16: Rannpháirteachas san Oideachas

Príosún	Rannpháirteachas	Daonra (21/11/07)	Rannpháirteachas %	Dian- Rannpháirteachas*	Dian Rannpháirteachas %
Cnoc an Arbhair	120	138	87.0	66	47.8
An Caisleán Riabhach	115	230	50.0	42	18.3
Príosún Chnoc Seimre	46	425	10.8	14	3.3
Príosún Chorcaí	167	269	62.1	76	28.3
Ionad Dóchas	73	94	77.7	58	61.7
Príosún Luimnigh	150	292	51.4	96	32.9
Teach Locháin	48	86	55.8	42	48.8
Príosún an Láir Tíre	201	441	45.6	44	10.0
Príosún Mhuinseo	232	542	42.8	146	26.9
Príosún Phort Laoise	97	113	85.8	23	20.4
Mainistir Shelton	45	57	78.9	24	42.1
Foras Naomh Pádraig	111	199	55.8	84	42.2
An tAonad Oilíúna	62	94	66.0	10	10.6
Príosún Chruithneachtáin	208	373	55.8	128	34.3
IOMLÁN	1,675	3,353	50%	853	25%

Figiúirí bunaithe ar rollú i seachtain shamplach i mí na Samhna 2007

* Dian-Rannpháirteachas = Rannpháirteach i ranganna struchtúrtha ar feadh 10 n-uaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine

Litearthacht agus Bunoidéachas

Le linn 2007, lean dul chun cinn maidir le Litearthacht agus bunoidéachas ginearálta a sholáthar – réimse tosaíochta i gcomhair oideachais i bpríosúin agus aghaidh á thabhairt ar shainriachtanas an-tábhachtach. Is é an straitéis atá ann leas a bhaint as cleachtas is fearr in obair litearthachta d'aoisigh sa phobal i gcoitinne mar atá déanta, mar shampla, i bhforáil an Choiste Gairmoideachais agus mar atá ráite i bpolasaithe na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aoisigh.

Oideachas sna Príosúin: Forbairtí eile

Reáchtáil Cumann na hÉireann um Oideachas sa Phríosúin, le cabhair airgid ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, mór-chomhdháil ar Oideachas sna Príosúin ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail 170 oideoir príosún as 33 tír ar an 11ú comhdháil de chuid an Chumainn Eorpaigh um Oideachas sa Phríosúin (EPEA) a reáchtáladh thar ceithre lá i Meitheamh 2007 (féach www.epea.org).

Mar aon leis sin, i Meitheamh 2007, reáchtáladh taispeántas ealaíne na bpríosúin náisiúnta i bPríosúin Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath.

Obair agus Gairmoiliúint i bPríosúin

Tleagann Seirbhís Phríosúin na hÉireann béim mhór ar ghníomhaíochtaí gairmoiliúna a chur ar fáil do phríosúnaigh. Roghnaítear gníomhaíochtaí oiliúna chun an méid is mó fostaíochta agus is féidir a thabhairt dóibh siúd atá i bpríosúin agus chun deiseanna a thabhairt dóibh scileanna a fháil chun fostaíocht a fháil nuair a scaoilfear saor iad. Tá raon leathan ceardlann oiliúna i bhfeidhm laistigh de na hinstiúidí, e.g. clódóireacht, ríomhairí, Braille, adhmaadóireacht, miotalóireacht, foirgníocht, glanadh tionsclaíochta, ceardaíocht, gairneoireacht agus leictreonaic. Ina theannta sin, tá seirbhísí riachtanacha ar nós seirbhísí lónadóireachta agus nócháin san áireamh san fheidhm oibre agus oiliúna.

Cé go bhfuil creidiúnú seachtrach ar oiliúint dheimhneithe ar fáil i gcomhair roinnt cúrsaí a reáchtáiltear laistigh de na hinstiúidí, bhí obair ar bun in 2007 córas um dhearbhu cáilíochta (QAS) a fhorbairt chun bonn a chur faoi dheimhniú FETAC ar raon gníomhaíochtaí breise. Chomh maith leis sin, cuireadh creidiúnú City and Guilds maidir le roinnt réimsí scileanna chun cinn le linn na bliana, amhail bainistíocht dramhaíola agus deisiú camán.

Obair agus Oiliúint

Tá comhlánú údaraithe de níos mó ná 250 post bainteach le hobair agus le hoiliúint – méadú mór ar an méid a bhí rannpháirteach roimh an mBeart um Athrú Eagraíochta (158). D'fhreastail níos mó ná 90 ceardlann go gníomhach ar níos mó ná 860 príosúnach gach lá arb iannann é sin agus nach mór 26 faoin gcéad den daonra laethúil sna príosúin.

Cláir agus Gníomhaíochtaí Nua

Rinne roinnt instiúidí cláir agus gníomhaíochtaí nua a fhorbairt agus cuireadh clár athchóirithe agus athsholáthair trealaimh ar bun i gceardlanna eile. Ceann de na forbairtí nua a bhí ann bunú Chlár Náisiúnta Printseachta i gCócaireacht Phroifisiúnta i gcomhpháirtíocht le hInstiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (AIT). Tugtar teastas náisiúnta ag deireadh an chúrsa trí bliana seo, atá creidiúnaithe ag FETAC. Beidh na príosúnaigh a bhaineann an teastas seo amach ina gcócairí cáilithe a chuirfidh go mór lena ndeiseanna fostaíochta nuair a scaoilfear saor iad ón bpríosúin.

Síneadh an córas bunachar sonraí um obair agus oiliúint, a leathnaíodh

go naoi bpríosúin le linn na bliana roimhe, go ceithre phríosúin bhreise le linn 2007. Éascaíonn an bunachar sonraí rannpháirteachas na bpríosúnach a thomhas mar aon lena ndul chun cinn i ngníomhaíochtaí oibre agus gairmoiliúna agus i gcúrsaí le linn a n-ama i bpríosúin. Cabhraíonn sé chomh maith le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal agus éifeachtacht seirbhísí oibre agus oiliúna do phríosúnaigh.

Cláir Cunaimh Pobail agus Obair Thionscadail

Lean cláir cunaimh pobail agus obair thionscadail pobail i gcaitheamh na bliana. Bhailigh roinnt príosún airgead agus chuir siad raon leathan ábhar agus táirgí ar fáil d'eagraíochtaí carthanacha. I measc na dtairbhíthe bhí Barnardos, Aware, Barretstown Gang Camp, tionscadal Arts for Peace, CARI (Leanaí i mBaol in Éirinn) agus To Russia with Love (eagraíocht a chabhraíonn le leanaí ón Rúis ar dílleachtaí iad).

Coinníodh socrúithe comhpháirtíochta le FÁS, leis an tSeirbhís Phromhaidh, leis an gClár Nascála agus le Pobal agus neartaíodh iad le linn na bliana chun leasa deiseanna fostaíochta príosúnach a fheabhsú agus iad ar ais sa phobal i gcoitinne. Tá na heagraíochtaí go léir thuasluaite rannpháirteach i gcomhpháirtíocht forbartha de thionscadal EQUAL, a seoladh in 2005. Is é an phríomhaidhm atá leis an tionscadal taighde gníomhach cur chomh mór agus is féidir le deiseanna fostaíochta agus athlonnaithe príosúnach agus iarphríosúnach ó limistéir cimithe phríosúin an Chaisleáin Riabhaigh agus Chorcaí trí sheirbhísí cuí oiliúna, meantóireachta agus teorach a fhorbairt i dteannta le taighde gaolmhar. Tá raon gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí reachtúla agus deonacha pobail rannpháirteach sa tionscadal lena n-áirítear roinnt Cuideachtaí Comhpháirtíochta Ceantair agus Coistí Gairmoideachais. Is é aidhm an chúrsa na príosúnaigh a ullmhú leis an eolas agus na scileanna cuí chun a ngnó féin a bhunú nuair a scaoilfear saor iad.

Cistiú na gCuntas Díomhaoine

Tfuair Seirbhís Phríosúin na hÉireann maoiniú ó na Cuntais Dhíomhaoine i gcomhair tionscadal a thacaíonn le fostaíocht. Faoin tionscnamh sin, fostaíodh beirt Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta (TEO) de chuid an Chláir Nascála chun seirbhís lánaimseartha eolais agus ghairmthreorach mar aon le seirbhís thiomnaithe oiliúna, oideachais agus socrúcháin a chur ar fáil do phríosúnaigh i gcampaí Mhuinseo agus an Láir Tíre. Thosaigh an bheirt Oifigeach Oiliúna agus Oideachais i gceist ag deireadh shamhradh 2007. Laistigh de cheithre mhí ó thosaigh an tseirbhís nua, rinneadh 123 atreorú cheana féin don bheirt Oifigeach. Ina theannta sin, in 2007, fuair Seirbhís Phríosúin na hÉireann 500,000 den mhaoiniú sin chun scéim fhíolótach meantóireachta athlonnaithe a bhunú don Aonad Oiliúna, d'Ionad Dóchas agus d'Fhoras Naomh Pádraig.

An tSeirbhís Síceolaíochta

Is mar chuid de Stiúirthóireacht na Réimeanna de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann í an tSeirbhís Síceolaíochta agus chuireann sí taighde síceolaíochta, príonsabail agus scileanna i bhfeidhm de réir riachtanais na seirbhíse príosúin. Mar aon le tiomantas a choinneáil maidir le seirbhísí meabhairshláinte a chur ar fáil do chiontóirí, tugann an tSeirbhís aghaidh ar na fachtóirí sin a chuireann ciontóirí i mbaol athchionaithe; bíonn sí rannpháirteach i ngrúpchláir i gcomhair grúpaí ciontóirí faoi leith a fhorbairt; cuireann sí le go leor tionscnamh oiliúna le hoifighigh príosúin a mbíonn mar aidhm acu cur le ról an oifighigh agus bíonn sé bainteach le straitéis, polasáí agus prótacail a fhorbairt i réimsí a mbíonn baint mhór acu le feidhmiú chóras an phríosúin. Tacaíonn agus éascaíonn an

tSeirbhís tionscadail taighde, lena n-áirítear idirghabhálacha le ciontóirí a mheas.

Is éard atá sa tSeirbhís Síceolaíochta seachtar síceolaithe cliniciúla, seachtar síceolaithe comhairlithe, síceolaí fóiréinseach amháin agus beirt síceolaithe atá faoi oiliúint chliniciúil.

An Obair a dhéanann Síceolaithe

Is féidir an príomhfhócas den obair a dhéanann síceolaithe i bpríosúin éagsúla a chatagóiriú faoi thrí phríomh-cheannteideal:

- Obair Aonair
- Idirghabhálacha Grúpa
- Obair forbartha réime/polasaí.

Is í obair aonair an príomhról a bhíonn an tSeirbhís Síceolaíochta. Cé go bhféadfaí ciontóir a fheiceáil ar go leor cúiseanna, is faoi cheann amháin de na trí chatagóir seo a leanas a thiteann seisiúin aonair mar sin:

- Is obair í obair theiripic a bhíonn níos fadtéarmaí de ghnáth a dhíríonn ar cheisteanna meabhairshláinte
- Is é atá i gceist le comhairliú inspreatha an ciontóir a spreagadh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna fadtéarmacha ar nós andúile nó stíl mhaireachtála coirpigh agus dearcadh défhiúsach ann i leith athrú.
- Cuirtear comhairliú géarchéime ar fáil do na ciontóirí sin a mbíonn cásanna nó mothúcháin an-strusmhar ag dul dóibh, cosúil leo sin a bhfuil mothúcháin fhéinmharfacha acu nó iad sin a raibh tráma, ar nós méala, acu le déanaí.

Rinneadh an-obair ar obair aonair i bhformhór na bpríosúin in 2007. I bpríosúin Mhuinseo, mar shampla, rinneadh 195 atreorú aonair a phróiseáil le linn na bliana, a raibh baint ag 153 príosúnach leo; cuireadh 14 chlinic ar fáil in aghaidh na seachtaine.

Cuireadh grúpchláir ar fáil maidir le hinspreagadh a chur ar aghaidh, athiompú a chosc, imní a bhainistiú (i Muinseo); teiripe impraíocht dialachtaiciúil, strus a láimhseáil (in Ionad Dóchas), ciontú gnéis (Cnoc an Arbhair), scileanna smaointeoireachta feabhsaithe agus traenáil smachtaithe feirge (Corcaigh). Cuireadh cuid de na cláir ar fáil i gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh agus fuarthas comhairleoirí andúile ar conradh.

Dhírigh gníomhaíocht forbartha taighde agus cláir ar fhorbairt láimhe i gcomhair láimhseáil feirge agus imní; clár spreagadh-chun-athrú i gcomhair príosúnach a mhí-úsáideann drugaí; beart Hanson and Harris a riaradh mar chuid de thionscadal ar chiontóirí gnéis leanaí; measúnú ar Ghrúpa Bainistíochta um Iompraíocht Imní Chognaíoch; measúnú ar dhá chlár Teiripe Iompraíocht Chognaíoch (CBT) a reachtáladh i bpríosúin agus measúnú ar an ionstraim scagtha a úsáideadh; agus staidéar cáilíochtúil ar thairbhí príosúnaigh i leith foréigean pearsanta.

Ag Obair le Ciontóirí Gnéis

Déantar gach iarracht cabhrú le ciontóirí gnéis i bpríosúin má tá siad toilteanach páirt a ghlacadh in athshlánú ag aon leibhéal agus athiompú a sheacaint. Cé gur féidir tacaíocht agus moladh a thabhairt do chiontóirí agus iad ag iarraidh athrú agus aghaidh a thabhairt ar a n-iompraíocht chiontaithe, chun go n-éireoidh le haon duine an clár idirghabhála a chríochnú beidh orthu rannpháirteachas toilteanach agus tiomantas a léiriú. Is é an dúshlán

atá ann do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, mar sin, raon modhanna a úsáid an méid ciontóirí agus is féidir a spreagadh athrú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar a n-iompraíocht chiontaithe.

Tá trí phríomhchineál idirghabháil theiripeach dhíreach i gcomhair ciontóirí gnéis i bhfeidhm i láthair na huair laistigh de chóras príosúin na hÉireann. Is iad:

- Dianchlár ciontóirí gnéis atá i bhfeidhm ón mbliain 1994,
- Comhairliú aonair ón tSeirbhís Síceolaíochta de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh, agus
- Idirghabhálacha duine ar dhuine ag síceolaithe ar cuairt a chuireann tacaíocht ar fáil do phríosúnaigh.

Is grúpchlár 11 mí é an dianchlár atá bainistithe agus curtha ar fáil ag an tSeirbhís Síceolaíochta de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh. Cé go seachtadair i bPríosúin Chnoc an Arbhair é, tá sé ar fáil do chiontóirí gnéis i bpríosúin eile. Is clár struchtúrtha é atá dírithe ar an gcion agus cuirtear cur chuige cognaíoch iompraíochta i bhfeidhm ina bhfuil páirt seachanta athiompaithe. Cuireann an clár béim mhór ar an bpróiseas teiripeach laistigh den ghrúpa agus ar thacaíocht a thabhairt do gach rannpháirtí an t-eolas, na scileanna, an dearcadh agus an fhéinmhuinín is gá a fháil maireachtáil go difriúil agus go cuiditheach sa todhchaí. Déanann an clár iarracht aghaidh a thabhairt ar an iompraíocht a mbíonn an cion mar thoradh uirthi. Chríochnaigh ochtar ciontóirí an clár in 2007 agus thosaigh clár eile i gCnoc an Arbhair san Fhómhar 2007. Chríochnaigh 128 ciontóir gnéis san iomlán an clár ó tugadh isteach é i 1994.

Tá an Clár Ciontóirí Gnéis faoi athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar shamhlacha idirghabhála, ina gcuirtear moltaí an Chomhchoiste um Chosaint Leanaí, a tuairiscíodh in 2006, san áireamh. Is é an aidhm atá leis seo cur le raon agus fáil na n-idirghabhálacha teiripeacha, rátaí rannpháirteachais a fheabhsú agus cur le héifeachtacht na n-idirghabhálacha. Áirítear ar na roghanna faoi bhreithniú seachadadh clár a bheidh níos solúbtha bunaithe ar rioscaí, riachtanais agus cumas an chiontóir aonair. Is an toradh is dóchúla a bheidh ann, pacáiste idirghabhálacha ciontóirí gnéis ina mbeidh grúpchláir agus cláir aonair do ghrúpa in a mbeidh i bhfad níos mó ciontóirí.

Séiplíneacht

Faoi láthair, tá 20 séiplíneach lánaimseartha agus cúigear séiplíneach páirtaimseartha ag obair i Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá an fhreagracht ar na séiplínigh do chúram tréadach agus spioradálta phobal an phríosúin iomláin agus déanann siad é sin ar shlí iomlán. Chomh maith leis sin, bíonn sé mar aidhm acu nasc a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne.

Oibríonn na séiplínigh laistigh de chreat ildisciplíneach an phríosúin agus freastalaíonn siad ar chruinnithe agus comhdhálaíochta cáis a eagraítear laistigh de na príosúin. Tugtar ardmheas i gcónaí do ról rúnda an tséiplínigh agus cuireann sé sin le nádúr uathúil a gcuide oibre.

Ar bhonn laethúil, tugann na séiplínigh cuairt ar phríosúnaigh i ngach cuid den phríosúin. Bíonn sé mar aidhm acu bualadh le gach príosúnach chomh luath agus is féidir tar éis dóibh dul isteach sa phríosúin agus tacaíocht a thabhairt dóibh sin atá le bheith scaoilte saor. Caitheann siad am le daoine ag am méala nó cailteanais agus déanann siad teagmháil le teaghlacha trí ghlaochanna gutháin, cruinnithe agus cuairteanna baile.

An tSeirbhís Phromhaidh

Mar thoradh ar iniúchadh náisiúnta ar sheachadadh seirbhísí in 2006, thug an tSeirbhís Phromhaidh faoi chleachtadh radacach athstruchtúraithe le linn 2007. Is é a bhí i gceist leis sin foireann a athdháileadh chun teacht le déimeagrafaic athraithe daonra agus le hailíniú struchtúr na Seirbhíse Cúirteanna trí úsáid a bhaint as teorainneacha contae Cuireadh Roinn Phromhaidh do Dhaoine Óga i bhfeidhm go náisiúnta chomh maith. Maidir le hobair na Seirbhíse i bpríosúin, de bharr an athstruchtúraithe, tá réigiún náisiúnta curtha le chéile le déanaí dar teideal 'Príosúnaigh, Riosca agus Athlonnú'. Is é atá sa Réigiún réigiún amháin ina bhfuil foireann thiomnaithe agus tagann sé in áit struchtúr seachadta seirbhíse, a bhí bunaithe ar cheantair threolaíoch. Díreoidh an réigiún nua anois ar chleachtas comhsheasmhach a fhorbairt ar fud eastát na bpríosún agus cuirfidh sé struchtúr soiléir ar fáil chun tacú le Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreithe a sheachadadh i gcomhar le Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Cuimsíonn an Réigiún 12 as na 14 phríosún ina bhfanfaidh Foras Naomh Pádraig mar chuid den Roinn Phromhaidh do Dhaoine Óga agus Cnoc Seimre, mar phríosún athchuir, á shannadh d'Fhoireann na gCiontóirí Gan Dídean.

Easpa Dídine

Appropriate and accessible accommodation is a vital factor in successful Is fachtóir ríthábhachtach é lóistín cuí, inrochtana chun go n-éireodh le athshlánú. Is rud ríthábhachtach é chun fostaíocht, cóireáil, tacaíocht teaghlaigh agus cúrsaí airgid a choimeád sa siúl. Is fadhb leanúnach í ceist easpa dídine i measc iarphríosúnach. Le blianta beaga anuas, tá roinnt tionscnamh glactha ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann, ag obair i gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh, chun cabhrú le méid agus le riosca easpa dídine a mhaolú. Le linn 2007, lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena hionadaíocht ar Fhoireann Thras-Rannach um Easpa Dídine, ar Choiste Comhairleach Náisiúnta um Easpa Dídine, an Fóram Comhairleach um Easpa Dídine agus raon fóram eile atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais lóistín daoine atá i mbaol easpa dídine, lena n-áirítear príosúnaigh.

Shín Aonad na nDaoine Gan Dídean (HPU) d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) a sheirbhís leasa pobail inrochtana go dtí 10 bpríosún le linn 2007. Cinntíonn an tseirbhís, a sheachadtar i gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann, go mbíonn teacht díreach ag príosúnaigh i mbaol easpa dídine ar shocrúcháin lóistín agus ar thacaíocht chothabhála ioncaim. Léiríonn figiúirí i gcomhair 2007, gur bhain 590 príosúnach leas as an tseirbhís.

I Meán Fómhair 2007, thosaigh Focus Ireland seirbhís nua phiólótach um easpa dídine i bPríosún Chnoc Seimre. Tá Focus Ireland ag cur seirbhís cásbhainistíochta agus réamhlonnaithe ar fáil do phríosúnaigh, atá idir 18-25 bliain d'aois den chuid is mó, agus atá gan dídean agus ar athchuir i gCnoc Seimre. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís seirbhís gan uaim a chur ar fáil idir an príosún, seirbhísí gan dídean agus lóistín, ina dtugtar tacaíocht do gach rannpháirtí teacht ar sheirbhísí agus lóistín cuí ar a b(h)ealach go maireachtáil neamhspleách. I dteannta leis an IPS, tá an tSeirbhís Phromhaidh, mar aon leis an HSE HPU, ag tacú leis an tionscadal.

Cistiú na gCuntas Díomhaoin

Fuair Seirbhís Phríosúin na hÉireann €250,000 de mhaoiniú ó Chuntais Dhíomhaoin chun seirbhísí tacaíochta easpa dídine a chur ar fáil do phríosúnaigh atá i mbaol i bpríosúin Chorcaí agus Luimnigh. Eisíodh an t-éileamh i gcomhair moltaí i mí na Samhna 2007 agus spriocdháta in Eanáir 2008.

Drugaí agus Príosún

Lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena Straitéis agus Polasaí Drugaí, dar teideal Keeping Drugs out of Prison, a leathnú amach. Seoladh an straitéis drugaí seo i mBealtaine 2006 agus rinneadh dul chun cinn mór go dtí seo maidir lena chur i bhfeidhm.

Soláthar Drugaí Neamhcheadaithe a Laghdú

Le linn 2007, thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann tuilleadh áiseanna agus nósanna imeachta nua isteach chun córas príosún saor ó dhrugaí a bheith ann, chomh fada agus is féidir. Áirítear ar na sainbhearta a rinneadh:

- Socruithe nua cuairte sa phríosún ina bhfuil smacht níos mó ar líon agus ar chéannacht na gcuairteoirí, mar aon le níos mó maoirseachta ar na cuairteanna sin. Mar thoradh air sin, níl cead ach ag daoine aitheanta agus ag daoine a bhfuil aithne orthu cuairt a thabhairt ar phríosúnaigh, mar sin, laghdófar an dealraitheacht go gcuirfidh cuairteoirí drugaí ar aghaidh, agus laghdófar an brú ar phríosúnaigh cuairteanna a fháil ó dhaoine nach bhfuil aithne acu orthu chun drugaí a chur ar aghaidh.
- Slándáil imlíne bhreisithe ina bhfuil líontáin fheabhsaithe agus comhoibriú níos fearr leis an nGarda Síochána chun daoine a dhéanann iarracht drugaí a iompar isteach sna príosúin a ghabháil agus a ionchúiseamh. Is é an toradh a bhí air sin, gabháil, ionchúiseamh agus príosúnacht daoine a dhéanann iarracht drugaí a iompar isteach sna príosúin.
- Teicneolaíocht fheabhsaithe chun cillíní agus maoin an phríosúin a chuardach arb é an toradh atá air feabhsú ar chontrabhabha a bhrath agus urghabháil.
- Dearadh feabhsaithe príosúin a bhfuil mar aidhm aige slándáil níos fearr a chinntiú, mar shampla deartar príosúin nua chun go mbeadh sé dodhéanta drugaí a chaitheamh isteach go clós an phríosúin,
- Madraí braite drugaí a thabhairt isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine a thagann isteach sna príosúin agus chun cabhrú le cuardaigh laistigh de phríosúin.
- Grúpa Tacaíochta Feidhme a bhunú atá tiomnaithe maidir le cuardaigh agus le faisnéis a bhailiú mar aon le saineolas a fhorbairt ina leith.

Beidh laghdú soláthar drugaí i bpríosúin agus cabhair dóibh siúd atá gafa le drugaí chun deireadh a chur le fáinne fí na coiriúlachta agus le mí-úsáid drugaí mar phríomhfhocas i gcónaí.

Clár Athshlánaithe Drugaí

Is éard a bhíonn i gceist le clár athshlánaithe drugaí do phríosúnaigh ionchur iltoiseach mór ó raon eágsúil sainseirbhísí agus seirbhísí ginearálta curtha ar fáil ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla ar cuairt. Déanann na cláir iarracht éileamh drugaí a laghdú laistigh de chóras na bpríosún trí sheirbhísí oideachais, cóireála agus athshlánaithe do phríosúnaigh atá gafa le drugaí. Áirítear ar thionscnaimh áirithe, cláir díthocsainithe, cothabhála meatadóin agus oideachais a chur ar fáil mar aon le cláir comhairlithe andúile agus teiripe drugaí i measc nithe eile.

Mar chuid den Straitéis agus Polasaí Drugaí thuasluaite, sínfear cláir cóireála drugaí agus cuirfear leo trí earcú breise altraí, 24 comhairleoir andúile tiomnaithe i dteannta le foireann eile, oifigigh príosúin san áireamh. Tá leathnú na seirbhísí sin á bhaint amach i gcomhar le seirbhísí pobalbhunaithe agus dá bharr, beidh feabhas mór i raon, caighdeán agus fáil na seirbhísí cóireála drugaí i bpríosúin.

Áirítear ar na sainfhorbairtí a tharla le linn 2007:

- Conradh a bhronnadh ar Merchants Quay Ireland Seirbhísí Comhairleoirí Andúile a chur ar fáil. Cuirfidh an tSeirbhís Comhairleoirí Andúile 1,000 uair in aghaidh na seachtaine de rochtain príosúnach ar chomhairliú andúile ar fáil.
- Oifigigh altra agus oifigigh príosúin sa bhreis a leithdháileadh d'Fhoirne Cóireála Drugaí tiomnaithe do phríosúin a bhfuil riachtanais mhóra acu, rud a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na seirbhíse i bpríosúin.
- Maoiniú a chur ar fáil faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin do ghrúpaí pobail chun comhairliú andúile agus tacaíocht a chur ar fáil do phríosúnaigh nuair atá siad i bpríosún agus nuair a scaoiltear saor iad.
- Sainseisiúin bhreise i síciatracht andúile a chur ar fáil, rud a chuirfidh feabhas mór ar chaighdeán, comhordú agus fáil cóireála drugaí i bpríosúin.

Anuas air sin, tá seirbhís inrochtana altraí á fáil ó Ospidéal San Séamas chun cóireáil Heipitíteas C a chur ar fáil do phríosúnaigh. Ar dtús, clúdóidh an tseirbhís coimpléasc Mhuinseo agus Príosún Chruithneachtáin.

Cuirfear na seirbhísí ar fáil ar bhonn riachtanais chliniciúla agus tabharfar tacaíocht dóibh trí thástáil éigeantach drugaí a chur i bhfeidhm (mar a fhoráiltear dó in Acht na bPríosúin 2007).

Cóireáil Drugaí

Leanann líon na bpríosúnach a fhaigheann idirghabhálacha éagsúla cóireála drugaí ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Ba é Seirbhís Phríosúin na hÉireann an dara soláthróir is mó go náisiúnta de theagmhálacha nua cóireála agus leanann Príosún Chnoc Seimre an ghníomhaíocht chliniciúil is mó sa réimse sin a léiriú. Tá dúshlán mhóra fós ann don IPS, áfach, rochtain a fháil do phríosúnaigh ar áiteanna cóireála tar éis dóibh a bheith scaoilte saor.

Maidir le seirbhísí foirmeálta um Chomhairliú Andúile a thabhairt isteach ar fud eastát na bpríosún, trí shocrú conartha le Merchants Quay, chuir sé go mór lenár gcumas aghaidh a thabhairt ar riachtanais an daonra ghafa sna príosúin. Chuir gach disciplín a bhíonn ag plé le húsáideoirí drugaí fáilte mhór roimh theacht isteach na seirbhíse seo. Cé gur ceadaíodh acmhainní breise cliniciúla chun cabhrú le comhordú foriomlán cóireála, tá na hacmhainní tiomnaithe teiripeacha ar fáil fós níos lú ná suíomhanna comparáideacha pobail.

Rinneadh obair mhór le linn na bliana i gcomhairle le cleachtóirí ag leibhéal áitiúil príosúin cáipéis ar Pholasáil Cliniciúil um Chóireáil Drugaí a dhréachtú chun treoir a chur ar fáil do chleachtóirí maidir le ceisteanna éagsúla cliniciúla a d'fhéadfadh tarlú agus andúil á chóireáil i gcomhthéacs príosúin. Cuirfidh an polasaí le caighdeánú cur chuige agus feabhsóidh sé caighdeán cúraim do phríosúnaigh.

Tábla 17 – Líon na nDaoine a fuair Ionadaíocht Meataidín le linn 2007

	lomlán na nOthar le linn tréimhse	lomlán na nOthar ag Deireadh na tréimhse	Nua (othar céad uair ar Lárliosta Cóireála)
Príosún Chnoc Seimre	710	176	124
Ionad Dóchas	225	38	26
Príosún Luimnigh	10	3	0
Príosún an Láir Tíre	90	30	8
Príomh-Phríosún Mhuinseo	474	112	9
Aonad Leighis Phríosún Mhuinseo	120	53	8
Príosún Phort Laoise	3	1	1
Foras Naomh Pádraig	15	6	0
Príosún Chruithneachtáin	193	90	9
IOMLÁN do Naoi gClinic	1840	509	185

Mar chuid de leathnú amach Pholasáí na nDrugaí, lean plé leis an HSE maidir leis an bhféidearthacht comhshocrú HSE/IPS a bhunú i ndáil le soláthar agus bainistiú cógaiseoirí chun seirbhísí andúile/cóireála drugaí cógaslainne a chur ar fáil. Mar gheall nach raibh an rogha sin indéanta, áfach, socraíodh tairiscint a chur isteach don tseirbhís agus fuarthas ceadú airgeadais seirbhís ghairmiúil cógaslainne a chur ar fáil ar bhonn conartha.

Fógraíodh comórtas tairisceana ina dhiaidh sin i mí na Samhna chun seirbhísí Cógaslainne Cóireála Drugaí a chur ar fáil i gcúig phríosún - Muinseo, Ionad Dóchas, Príosún Chruithneachtáin, Cnoc Seimre agus Príosún an Láir Tíre. Táthar ag súil go bhféadfaí an tseirbhís sin a thabhairt isteach tar éis go n-éireoidh le comórtas tairisceana.

Leanadh le teagmháil rialta le comhghleacaithe Chógaiseoirí HSE, a bhíonn ag obair i Seirbhísí Cóireála Drugaí, chun cumarsáid éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú idir príosúin agus clinicí nuair a bhogann cliaint idir réimsí cúraim sláinte, go háirithe ag am Nollag.

Féinghortú a Chosc

Bhuail an Grúpa Stiúrtha um Féinghortú agus Bás a Chosc i measc Dhaonra na bPríosúin de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann lena chéile trí huair in 2007. Cuireann an Grúpa cleachtas is fearr chun cinn i Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun féinghortú agus bás a chosc i measc dhaonra na bpríosúin agus chun freagairt dóibh nuair is gá.

CÚRAM SLÁINTE

Forbairtí Seirbhíse

DLe linn 2007, bhí dul chun cinn mór ann maidir le struchtúr cuí um Bhainistíocht Altraí a fhorbairt ag leibhéal na bunáicthe (féach thíos). Cabhróidh sé sin go mór le heagrú idirghabhálacha cúram sláinte a chomhordú agus táthar ag súil go gcríochnófar struchtúr bainistíochta a chur i bhfeidhm i ngach suíomh go luath in 2008.

Tar éis stailc Dhochtúirí na bPríosúin a réiteach in 2004, mar chuid de phróiseas caidrimh thionsclaíochta, comhaontaíodh go ndéanfaí athbhreithnithe neamhspleácha 1) chun breithniú a dhéanamh ar fáil

agus ar oiriúnacht áiseanna agus struchtúir tacaíochta chun soláthar leighis cúram príomhúil laistigh de thimpeallacht na bpríosún a éascú, agus, 2) chun breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht struchtúir reatha leighis maidir le héilimh reatha agus éilimh amach anseo i ndáil le mí-úsáideoirí substaintí a mheas, a chóireáil agus cúram a thabhairt dóibh chun go mbeadh na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar chomhchéim leo siúd atá ar fáil don phobal i gcoitinne agus atá oiriúnach do shuíomh an phríosúin. Thosaigh an dá athbheithniú in 2007 agus ba cheart dóibh a bheith críochnaithe in 2008 agus scaipthe do gach páirtí cuí i gcomhair plé mar chuid den phróiseas leanúnach caidrimh thionsclaíoch, a bhfuil mar aidhm acu cur i bhfeidhm iomlán agus sásúil de chonarthaí na ndochtúirí a bhaint amach.

Cuairt an Choiste um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc, Meán Fómhair 2006

Fuarthas Tuarascáil na cuairte seo le linn 2007 agus tar éis breithniú a dhéanamh uirthi, foilsíodh an Tuarascáil i dteannta le Freagairt Rialtas na hÉireann i dtreo dheireadh na bliana. Tá tagairtí agus moltaí a bhaineann leis an eagraíocht agus le soláthar seirbhísí sláinte do na príosúnaigh á gcur i bhfeidhm agus leanfar leis an bpróiseas sin.

Córas Taifead Leighis na bPríosúin (PMRS)

Le linn na bliana, mhéadaigh úsáid PMRS agus faoi dheireadh na bliana, bhí sé in úsáid thar eastát an IPS, le heisceachtaí áirithe. Maidir le húsáid an chórais i gcomhair gnáth-thaifead idirghabhála cliniciúil, cabhróidh sé go mór le deacrachtaí agus le easnaimh a bhíodh ann go dtí seo a sháru. Agus socruithe nua cógaslainne á bhforbairt (féach thíos) tá sé riachtanach go gcuirtear an córas i bhfeidhm go hiomlán chun oideas agus riarachán leighis a thaifeadadh mar go bhfuil an mheicníocht sin riachtanach chun ordú agus fodhálleadh leighis forordaithe a chumasú. De dheasca aiseolas úsáideoirí, aithníodh go leor nuashonruithe córais agus fuarthas acmhainní airgeadais chun feidhmiúlacht a fheabhsú níos mó. Táthar ag súil na feabhsúcháin sin a thabhairt isteach chomh luath agus is féidir in 2008.

ALTRANAS

In 2007, tugadh isteach bainisteoirí altranais sa chúram sláinte. Tá 14 phost san iomlán ann, ina bhfuil an tromlach líonta. Is nuálaíoch an rud é forbairt struchtúr bainistíochta altranais i gcomhair 'Coimpléasc na bPríosúin'. Ba i gcoimpléasc Mhuinseo a bhí an chéad phost a líonadh agus cabhraíonn sé ionchuir chaighdeánaithe cúram sláinte agus caighdeán idirghabhálacha altranais ag leibhéal an phríosúin a chinntiú.

Tá cúram príomhúil mar thaca do gach forbairt i soláthar cúram sláinte. Cé go leanann cóireáil andúile a bheith mar chuid mhór den ualach oibre i gcúram sláinte, cuireann sainphoist andúile altranais go mór le caighdeán na n-idirghabhálacha cóireála agus tréchúraim. Chuir cleachtóirí agus bail den fhoireann ildisciplíneach fáilte mhór roimh an bhforbairt.

Cabhróidh cur i bhfeidhm iomlán struchtúr bainistíochta altranais le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an chórais cúram sláinte i bpríosúin a fhorbairt, i dteannta le struchtúir freagrachta a fhorbairt atá riachtanach chun bainistíocht riosca cúram sláinte níos fearr a chinntiú. Ní raibh fadhb againn altraí a earcú isteach go córas na bpríosúin agus fanann ár rátaí cnaite a bheith ar cheann de na cinn is ísle nuair a dhéantar comparáid le sonraí pleanála maidir le lucht oibre altranais, ar sonraí iad atá ar fáil go náisiúnta.

SEIRBHÍSÍ CÓGASLAINNE

Seirbhísí Gairmiúla Cógaslainne:

I ndiaidh tairiscintí a bhronnadh, tugadh seirbhísí gairmiúla cógaslainne isteach go dtí an tAonad Oilíúna (Eanáir 07), Cnoc an Arbhair (Márta 07), Port Laoise (Aibreán 07), Foras Naomh Pádraig (Iúil 07), Príosún Chruithneachtáin (Lúnasa 07), Príosún an Láir Tíre (Deireadh Fómhair 07) agus an Caisleán Riabhach (Deireadh Fómhair 07). Cinntíonn teacht isteach na gconarthaí seo go bhfuil teacht ag gach príosúnach sna institiúidí sin ar sheirbhísí gairmiúla cógaslainne, ar chomhbhonn leo sin atá ar fáil sa phobal i gcoitinne, agus breithniú á thabhairt do na srianta atá ann de bharr príosúin. Cuirtear na gnéithe teicniúla (soláthar) agus gairmiúla (cúram cógaisíochta) den tseirbhís cógaslainne ar fáil anois mar chuid de na conarthaí seo.

Tá sé beartaithe seirbhísí comhchosúla a thabhairt isteach go dtí na príosúin eile go luath in 2008.

Agus iad ag cinntiú go ndéanann cógaiseoirí monatóireacht agus seiceáil anois ar gach oideas agus go bhfodháltear iad ar bhonn othar aonair, tacaíonn teacht isteach na seirbhísí cógaslainne le tréchúram níos éifeachtaí mar go gcuirtear leigheas fodhálte gach príosúnaigh ar aghaidh leis/léi agus iad ag aistriú go príosún eile, rud a chinntíonn leanúnachas den chóireáil riachtanach. Anuas air sin, nuair is cuí é a dhéanamh, is féidir leighis fodhálte príosúnaigh a thabhairt dó/di agus é/í scaoilte saor go lánaimeartha nó go sealadach rud a thacaíonn le leanúnachas cóireála iomchuí go dtí go mbeidh an príosúnach in ann déileáil leis na seirbhísí cúram sláinte pobail.

Ba é €2,396,502.40 an caiteachas iomlán ar chógaisíocht (leighis, cóirithe agus soláthairtí leighis eile) in 2007, ar laghdú 7% (€172,557) é sin ar chaiteachas 2006. Nuair a bheidh an tseirbhís cógaslainne i bhfeidhm i ngach príosún, beidh sé indéanta tuarascáil chruinn a dhéanamh ar chostas na cógaisíochta do na príosúin go léir.

Ba é 3,321 an meándaonra laethúil do 2007, mar sin, ba é €722 an meánchostas in aghaidh spás príosúin ar laghdú mór é sin ar mheánchostas 2006 arb é sin €805. Ba é €809 an costas bliantúil ar sheirbhísí cógaslainne in aghaidh an duine a bhain leas as seirbhísí cógaisíochta in 2006 (Tuarascáil Bhliantúil PCRS 2006).

Comhchonarthaí HSE/IPS:

Socraíodh soláthar vacsaíní fliú chuig gach príosún arís ar bhonn chomhchonradh HSE/IPS, rud a chinntigh go mbeadh na vacsaíní sin ar fáil ar shlí thráthúil.

03 ACMHAINNÍ DAONNA

In 2007, i dteannta le seirbhísí acmhainní daonna laethúla (pinsin, liúntais, bainistíocht neamhláithreachta, cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta ar aon dul le reachtaíocht fostaíochta, etc.) a chur ar fáil d'fhoireann 3,300 duine, áiríodh ar fhorbairtí móra mórshéoladh earcaíochta do ghrád nua oifigeach príosúin earcaigh agus dílárú Cheanncheathrú na Seirbhíse Príosúin go dtí an Longfort a chur i gcrích in Iúil 2007.

Earcaíocht

I Márta 2007, bhí feachtas mór earcaíochta ann d'oifigigh príosúin earcaigh (RPO), post a tugadh isteach i gcomhthéacs leathnú amach an Bhirt um Athrú Eagraíochta (Iúil 2005). Cuireadh comórtas earcaíochta trí chéim i gcrích agus cuireadh painéal d'iarthóirí ar éirigh leo le chéile. Ceapadh dhá chéad is a seasca cúig duine in 2007 agus fostaíodh iad ar choinníollacha seirbhíse a comhaontaíodh don Oifigeach Príosúin Earcaigh nua.

D'eascair éileamh i gcomhair earcaíocht luathaithe ó chinneadh Rialtais acmhainní a cheadú i gcomhair raon beart slándála a raibh mar aidhm acu contrabhanna a chosc dul isteach sna príosúin. Bhí gá acmhainní Ionad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a mhéadú chun déileáil leis an líon méadaithe earcach.

Oiliúint agus Forbairt

Tá ceangal ar oifigigh earcaigh príosúin dianchlár oiliúna agus forbartha a dhéanamh atá comordaithe ar Ionad Oiliúna agus Forbartha IPS (IPSTDC). Cuirtear an oiliúint ar fáil trí chlár agus siollabas dhá bhliain arb é creidiúnú HETAC Teastas Náisiúnta Leibhéal 6 a bhronntar. Bhí clár Ard-Teastas i gCúram Coinneála (HCCC) creidiúnaithe ag HETAC i Márta 2007 agus bhí na chéad iontrálaithe rollaithe i Meán Fómhair 2007. Ardaíodh caighdeán na hoiliúna d'earcaigh i gclár HCCC chun gairmiúlacht ard a chinntiú chun go mbeadh oifigigh lániníúil sa ról. Cuireann an HCCC scileanna sóisialta, oideachasúla agus dlíthiúla mar aon le scileanna agus eolas eile ar fáil do RPO, rud a chuireann le gairmiúlacht na seirbhíse. Cuireann an cúrsa cur chuige comhtháite ar fáil maidir le luachanna, caighdeán agus iompraíocht i dtaobh cleachtas is fearr. Tá sé beartaithe go dtabharfar an deis d'oifigigh príosúin ar seirbhís cáilíocht HCCC a fháil.

Choinnigh an IPSTDC gealltanais do chúrsaí oiliúna níos luaithe agus dualgais ar nós oiliúint ar Rialacha Príosúin 2007 a fhorbairt agus a sheachadadh agus clár EUJUST LEX a sheachadadh. Mar aon leis sin, forbraíodh clár forbartha leanúnacha ghairmiúla ina leagtar béim ar riachtanais oibríochta do gach grád bainistíochta mar thoradh ar thorthaí dianOiliúna Anailís Riachtanas agus mar thoradh ar chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha.

Dílárú go dtí an Longfort

Ba í Seirbhís Phríosúin na hÉireann ceann de na chéad oifigí Rialtais a bhog faoin gclár díláraithe. Is é a bhí i gceist le dílárú foireann iomlán na Ceanncheathrún a athlonnú, ina raibh 141 post i gceist. Ba ghráid Státseirbhíse den chuid is mó a bhí anseo, ach bhí roinnt grád gairmiúil

agus foireann ar conradh san áireamh chomh maith. Mar thoradh ar an mbogadh go dtí an Longfort, bhí athrú foirne 80 faoin gcéad ann. Comhlíonadh na heasnamh foirne ag gráid éagsúla trí mheascán d'iartratais nua a sannadh ón Lárshaoráid Iarratas (CAF), arduithe céime agus earcaíocht oscailte.

Athrú Eagraíochta

Maidir leis na socrúithe nua oibre a comhaontaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm faoin mBeart leasaithe um Athrú Eagraíochta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann (Iúil 2005), lean siad ag feidhmiú go rathúil. Faoi na socrúithe nua, caithfidh foireann ar conradh méid bliantúil d'uaireanta seachas méid seachtainiúil d'uaireanta a oibriú, rud a chumasaíonn bainistíocht láithreach a struchtúrú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar éilimh oibre i réimsí atá deacair a thuar.

Le linn 2007, bhí an fócas ar fheidhmiú an Chomhaontaithe a threisiú agus cur i bhfeidhm roinnt gnéithe a chur i gcrích. Mar shampla, rinneadh uainchlár nua a idirbheartú leis an POA i gcomhair foireann de Chór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin (PSEC) de réir théarmaí an Bhirt chomhaontaithe um Athrú Eagraíochta. Tá an t-uainchlár nua, a chuireann tinreamh le chéile le téarmaí suí na gCúirteanna, ag obair go maith agus tá an PSEC ag cur seirbhíse ar fáil atá níos éifeachtúla agus níos solúbtha ina bhfuil leibhéal mhéadaithe de chlúdach coimhdeachta.

Lean dul chun cinn a bheith déanta maidir le cumraíochtaí foirne do gach príosún trí earcaíocht, arduithe céime, aistriú, etc. Tá sé riachtanach na cumraíochtaí sin a bhaint amach do chur i bhfeidhm éifeachtúil an Chomhaontaithe.

Rinne an Beart Comhaontaithe um Athrú Eagraíochta foráil d'athstruchtúrú ar réimsí Cothabhála agus Stóras agus lean obair ar an ngné sin den Chomhaontú in 2007. Bhí roinnt deacrachtaí maidir leis an athstruchtúrú sin le linn na bliana, áfach. Bhain siad sin le hathchóiriú foirne sa bhreis, le teip comhaontú a fháil ar na huainchlár nua agus le stórais lárnaithe a bhunú sa tsli a bhí i gceist sa Chomhaontú. Tá obair fós ag dul ar aghaidh chun na deacrachtaí sin a réiteach.

Déanann an Beart Comhaontaithe um Athrú Eagraíochta foráil do chnaphshuimeanna a fóc le foireann i gceithre thráthchuid thar an gcéad trí bliana d'fheidhmiú an Chomhaontaithe. Bhí an triú thráthchuid den sórt sin le bheith íoctha i Samhain 2007. Tá na híocaíochtaí sin ag brath ar comhoibriú iomlán na foirne agus feidhmiú an chórais bhreise uaireanta



mar a fhoráiltear dó sa Chomhaontú. Cuireadh an Tuarascáil i gcrích i Lúnasa 2007 agus ceadaíodh an íocaíocht chuí cnapshuime. Rinneadh an chnapshuim a bhí le híoc in 2007 tar éis measúnú ar fheidhmiú an chomhaontaithe.

Mar gheall ar mhonatóireacht ar shaoire bhreiteachta ag Stiúrthóireacht HR, mar aon le córas bliana uaireanta, bhí laghdú 17.4% ann ar shaoire bhreiteachta i gcomparáid le leibhéal 2006. Leanfar le dianmhnatóireacht ar neamhláithreachas chun laghdú comhsheasmhach i saoire bhreiteachta a chinntiú.

Gníomhaíocht Thionsclaíoch

Le linn na bliana, bhí roinnt samplaí de ghníomhaíocht thionsclaíoch, idir oifigiúil agus neamhoifigiúil. Níl an ghníomhaíocht sin ag teacht le spiorad Chomhaontú Bheart um Athrú Eagraíochta ná le téarmaí 'I dTreo 2016' agus is cúis mhór imní í do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

An Clár um Chúnamh d'Fhostaithe

Ceapadh Príomhoifigeach Leasa (CWO) in 2007, chun cur leis an gClár um Chúnamh d'Fhostaithe agus chun é a fhorbairt. Tá an cúram ar an CWO seirbhísí leasa a fhorbairt i ngach príosún i gcomhar le Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Gobharnóirí, Oifigigh Leasa, Oifigigh um Thacaíocht Foirne agus an Coiste um Chomhairle d'Fhostaithe. Tá an CWO tacaíthe ag beirt Oifigeach Leasa Fostaithe agus nach mór 50 Oifigeach Tacaíochta Foirne atá ag obair go deonach.

04 EASTÁT NA BPRÍOSÚN A BHAINISTIÚ

Lean cur i bhfeidhm chlár togála agus athchóirithe na bpríosún i gcaitheamh na bliana. Is gné lárnach den chlár sin nach mór 40% d'eastát na bpríosún atá sean agus a bhui drochbhail air a athsholáthar de réir an ghealltanais sa Chlár Rialtais.

Áireofar air sin, na ceithre phríosún ar Champas Mhuinseo (Príosún na bhfear, Muinseo, Ionad Dóchas (príosún na mban), Foras Naomh Pádraig agus an tAonad Oilíúna) a athsholáthar le príosún nua-aimseartha éifeachtúil ó thaobh feidhme ag Thornton Hall i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus forbairt nua ar phríosún na Mumhan chun teacht in áit Phríosún Chorcaí. Tá sé beartaithe chomh maith na seanchodanna de Phríosún Phort Laoise agus Luimnigh a athsholáthar le háiseanna nua-aimseartha sna blianta amach romhainn.

Tionscadail Chaipitil

Bhí na tionscadail chaipitil seo a leanas ar siúl nó curtha i gcrích le linn 2007:

Tionscadal Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí (PPP) Thornton Hall

Tá an príosún nua-bheartaithe ag Thornton Hall, Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, á fháil ar bhonn PPP.

Fuarthas tairiscintí i gcomhair dearadh, togáil, maoiniú agus cothabháil an phríosúin nua in Eanáir 2007. Tar éis measúnú sonraíthe ar na tairiscintí, roghnaíodh comheagras, Leargas, ina raibh M. McNamara and Company, Barclays Private Equity agus GSL, mar an tairgeoir roghnaithe. Bhí idirbheartaíochtaí leis an tairgeoir roghnaithe maidir le gnéithe éagsúla de dhearadh na n-áiseanna nua ar siúl in 2007.

Is é a bheidh i gceist leis an príosún nua ocht gcinn d'áiseanna a bheidh féinchiomaisitheach den chuid is mó agus réim uathúil, discrídeach ag gach ceann acu a thabharfaidh rochtain ar chlár oibre, oilíúna, oideachais mar aon le limistéir áineasa agus gníomhaíochtaí a bheidh oiriúnach do dhaonra an phríosúin agus é ar champas singil amháin.

Fuarthas cead ón Rialtas 8.7 acra sa bhreis a cheannach ag Thornton chun bóthar rochtana tiomnaithe a sholáthar chun freastal ar fhorbairt an phríosúin. Rachaidh an bóthar nua rochtana chun tairbhe don phobal áitiúil trí chinntiú go dtiocfar ar shuíomh an phríosúin trí bhóthar rochtana ar leith le linn tógála agus céimeanna feidhme.

Thosaigh obair ar Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (EIA) maidir leis an bhforbairt le linn na bliana agus ceapadh Jacobs Engineering chun tabhairt faoin staidéar.

Tionscadal Chill Uird

Is é atá i gceist leis an tionscadal seo coimpléasc nua-aimseartha príosúin a

chur in áit Phríosún Chorcaí ar shuíomh úrnua ag Cill Uird, Contae Chorcaí. Fuarthas cead Rialtais chun nach mór 160 acra a shannadh ó thailte na Roinne Cosanta le linn na bliana.

Cuireadh réamhthuarascáil oiriúnachta suímh i gcrích le linn na bliana. Chlúdaigh an tuarascáil sin raon suirbhéanna ar nós seandálaíochta, flora agus fauna, bóithre/infreastruchtúr, topagrafaíocht, etc. Déanfar tuilleadh staidéar de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

Cuireadh réamhchás gnó i leith an tionscadail i gcrích agus cheadaigh Bord Eatramhach Údaráis na bPríosúin é. Tá obair ar ullmhú cás gnó sonraithe ar siúl anois.

Príosún Phort Laoise

Lean obair thógála ar Bhloc C nua ag Príosún Phort Laoise. Freastalóidh sé sin ar 138 duine agus beidh limistéar nua fáiltithe, seomra leighis, áisteanna oideachais agus áineasa ann chomh maith. Tá sé le bheith críochnaith in 2008.

Mainistir Shelton agus Teach Locháin

Cuireadh tógáil bhloc lóistín 60 seomra leapa mar aon le háis nua oideachais i gcrích i dTeach Locháin. Tosaíodh ar uasghrádú téimh in 2007 agus beidh sé críochnaithe in 2008. Maidir le Mainistir Shelton, cuireadh foirgneamh nua lóistín is féidir freastal ar 44 ciontóir i gcrích.

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Tosaíodh ar aonad nua athchuir a bheidh in ann freastal ar 64 ciontóir. Tá sé le bheith críochnaithe in 2008. Mar aon leis sin, críochnaíodh tógáil ar dhá theach bhreise ag an nGarrán in 2007 agus chuir sé lóisín breise ar fáil do 12 ciontóir.

Príosún Luimnigh

Cuireadh obair thógála ar bhloc nua seirbhísí tacaíochta i gcrích in 2007 ina raibh áiseanna breisithe oideachais, seomraí fóillíochta, leighis, cógaslainne agus riaracháin.

Príosún Chruithneachtáin

Bronnadh conradh i gcomhair bloc nua lóistín in 2007. Cuirfidh an bloc nua lóistín ar fáil do 144 ciontóir. Táthar ag siúl go gcríochnófar an bloc nua faoi dheireadh 2008/ tús 2009.

Clár Cothabhála Príosún

Rinneadh clár fairsing d'oibreacha cothabhála i ngach ceann dár n-institiúidí



chun creatlach eastát na bpríosún a chosaint agus chun leas & sábháilteacht ár bpríosúnach agus ár bhfoirne a chinntiú.

Cuimsíonn cuid mhór d'eastát na bpríosún foirgnimh ón 19ú haois déag, rud a chiallaíonn go mbíonn sainchuir chuige agus cuir chuige fogaire de dhíth maidir leis na riachtanais chothabhála.

Bearta Slándála

Thug Bainistíocht na nEastát faoi chlár oibreacha chun limistéir cuardaigh ardslándála a thabhairt isteach ag bealaí isteach ar n-institiúidí dúnta go léir. Thosaigh oibreacha déanach in 2007. Áirítear ar na bearta sin, meaisíní X-ghathacha, brathadóirí miotail a chaithefear súil tríothu agus áiseanna a chur ar fáil chun madraí braite drugaí ag bealaí isteach chun na bpríosún.

Chuathas i mbun scéim phíolótach teicneolaíocht-bhunaithe a shuiteáil i bPríosún an Láir Tíre in 2007 chun cosc a chur ar úsáid fóin sho-ghluaiste. Bhí na réamh-mheasúnuithe den chóras dearfach agus socraíodh scóp na scéime píolótaí a leathnú chun formhór choimpléasc na bpríosún a chlúdach. Bhí oibreacha maidir leis an scéim a mheas agus a leathnú fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2007.

Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS) a Chur i bhFeidhm

Tá straitéis chur i bhfeidhm EMS de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann á fhorbairt faoi stiúir na Foirne Feidhmiúcháin um Bainistíocht Comhshaoil (EEMT) agus faoi stiúir an Bhainisteora Comhshaoil. Chlúdaigh cuid de na príomhchuspóirí agus forbairtí straitéiseacha infreastructúr, trealamh bainistíochta dramhaíola, tionscadail úsáidte fuinnimh agus acmhainní. Rinneadh infheistíocht mhór i bpacáistí oiliúna agus feasachta i gcomhair foirne agus príosúnach.

D'fhorbair an Bainisteoir Comhshaoil agus an Comhairleoir Comhshaoil lámhleabhar oiliúna IPS EMS i gcomhair príosúin píolótacha Theach Locháin, an Láir Tíre agus Phort Laoise. Déanfaidh na príosúin sin teimpléad EMS ISO 14001 a phíolótú don tseirbhís, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe agus iniúchadh creidiúnaithe seacht tréimh déanta faoi dheireadh 2008.

Oiliúint

Tá Oiliúint EMS déanta i ngach láthair. Bíonn baint ag foirne bainistíochta agus cur i bhfeidhm comhshaoil ó gach príosún agus ionad san oiliúint sin. Clúdaíonn an oiliúint feasacht comhshaoil, measúnú tionchair, nósanna imeachta, an córas a thairgeadh agus dhoiciméadú.

Chríochnaigh Ionad Oiliúna agus Forbartha IPS i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta, Sligeach an chéad Chúrsa Ardteastais i gCorais Bainistíochta Comhshaoil. Chríochnaigh aon Chomhordaitheoir Sláinte & Sábháilteachta Comhshaoil déag an cúrsa agus bhí duine den Gharda Síochána sa ghrúpa chomh maith.

Forbairtí eile

- Tá conradh Riosca Dramhaíola Cúram Sláinte Náisiúnta ar bun anois a chlúdaíonn gach réimse leighis den IPS.
- Tá mórthionscnaimh athchúrsála ar siúl i láthair na huairde i gCnoc an Arbhair, an Caisleán Riabhach, Príosún an Láir Tíre, Coimpléasc Mhuinseo, Port Laoise, Mainistir Shelton agus Príosún Chruithneachtáin.
- Tá Cnoc Seimre, Teach Locháin, Príosún Luimnigh agus Chorcaí ag forbairt a n-infreastructúr féin.
- Bhuaigh Cnoc an Arbhair an duais fhoriomlán dá n-áis scartha agus bainistíochta dramhaíola ag Duaiseanna Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath 2008. Chríochnaigh an fhoireann DVD oiliúna agus feasachta chomh maith. Úsáidfeadh an DVD chun oiliúint a chur ar fhoireann agus ar phríosúnaigh ar fud na seirbhíse i dtobh cleachtas is fearr bainistíochta dramhaíola.
- Léirigh na tionscnaimh athchúrsála coigiltis mhóra costais agus 30% de choigiltis ann i roinnt cásanna ar chostais chonraitheoirí na bliana roimhe. Chruthaigh sé naisc le carthanachtaí agus scéim fiontraíochta pobail chomh maith, rud a spreag rannpháirteachas foirne agus príosúnach ar shlí dhearfach.
- Críochnaíodh foirgneamh sainchuspóra bainistíochta dramhaíola agus foirgneamh athchúrsála ag Príosún Phort Laoise. Cuireann coire millíní adhmaid inbhuanaithe an teas ar fáil dó. Chuir an fhoireann ann leabhrán eolais ar fheasacht comhshaoil le chéile dar teideal "We Can Still Make a Difference".
- Chríochnaigh an Caisleán Riabhach scéim píolótach múirín dramaíola bia agus rinne siad múirín ar ghrád Aicme 1 Is é an toradh air sin go bhfuil an IPS ag obair le Cré, Cumann Náisiúnta Múirín, chun cúrsa creidiúnaithe oiliúna d'oibreoirí áiseanna múirín a chur ar fáil d'fhoireann agus do phríosúnaigh an IPS.
- Tá Ráiteas Beartais ar an gComhshaoil san áireamh sa Tionscadal nua i dThornton Hall trí éileamh a dhéanamh ar thairgeoirí agus ar dhoiciméadacht conraitheoirí eolais le béim ar bhreithnithe comhshaoil agus ceisteanna inbhuanaithe mar thosaíocht san fhorbairt.

05 AIRGEADAS

Apart from pay, the most significant area of expenditure is capital spending. Capital investment has been significant in providing improved accommodation and facilities at prisons and places of detention and enhanced officer training facilities.

Vótáil Dáil Éireann €397,138,000 san iomlán a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i Vóta na bPríosún 2007 (Vóta 21).

Athbheithniú Airgeadais

Ba é €394,550,000 an t-ollchaiteachas iomlán ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann in 2007, €2,588,000 laistigh den bhuiséad. B'ionann pá agus nach mór 63% de chaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2007. Leagtar amach sonraí Soláthairtí agus Caiteachas 2007 i dTábla 18.

Seachas an pá, is é caiteachas caipitil an réimse caiteachais is mó. Bhí tionchar mór ag infheistíocht caipitil lóistín agus áiseanna feabhsaithe

a chur ar fáil i bpríosúin agus áiteanna coinneála mar aon le háiseanna breisithe oiliúna d'oifigigh. Tugtar sonraí ar chláir tógála na Seirbhíse Príosún 2007 sa chaibidil ar Bhainistíocht an Eastáit. Clúdaítear forbairtí IT le linn 2007 níos déanaí sa chaibidil.

FINANCIAL MANAGEMENT

Costas chun Príosúnach a Choimeád

Ba é €97,700 an meánchostas chun príosúnach a choimeád i bpríosún le linn bhliain féilire 2007. Den chuid is mó is de bharr mhéaduithe an Chomhaontuithe Náisiúnta Pá de 2.5%, 2% agus 2% le héifeacht ó 1

Caiteachas agus Ioncam Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2007

Tábla 18: Soláthar Buiséid agus Caiteachas Iarbhír Sheirbhís na bPríosún 2007

	2006 Caiteachas Iarbhír €000	2007 Soláthar €000	2007 Caiteachas Iarbhír* €000
Riarachán			
A.1 – Tuarastail, Pánna agus Liúntais	229,819	252,724	248,075
A.2 – Taisteal agus Liúntais Cothaithe	2,458	2,722	2,721
A.3 – Caiteachais fhoghabhálacha	7,982	13,124	11,850
A.4 – Seirbhísí Poist agus teileachumarsáide	2,427	3,330	3,165
A.5 – Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige eile	4,547	1,439	1,157
A.6 – Seirbhísí Comhairliúcháin	185	248	243
A.7 – Luach ar Airgead agus Athbheithnithe Polasaí Seirbhísí Eile	-	50	-
B – Foirgnimh agus Trealamh	110,985	87,680	94,405
C- Seirbhísí Príosúin, etc.	26,300	30,421	28,498
D - Roinn agus Feirm Déantúsaíochta	420	1,106	583
E - Seirbhís Phromhaidh - Seirbhísí do chiontóirí	-	52	44
F – Seirbhísí Oideachais	1,474	1,631	1,800
G – Oifigigh Príosúin, Cumann Árachas Sláinte (Deontas i gCabhair)	-	-	-
H - Cúiteamh	2,105	2,111	1,830
I – Bearta Míbhuntáiste Sóisialta (Maoinithe ó na Cuntais Dhímhaoine)	-	500	179
Ollchaiteachas Iomlán	388,702	397,138	394,550
J – Leithghabháil i gCabhair (Admhálacha)	1,462	22,749	22,449
Glanchaiteachas Iomlán	387,240	374,389	372,101

* Tá na figiúirí sin faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Bainistíocht Airgeadais



Meitheamh 2006, 1 Nollaig 2006 agus 1 Meitheamh 2007 faoi seach an méadú ar 2006. Léirítear an miondealú de réir Institiúide i dTábla 19 thíos.

Tá an costas in aghaidh príosúnaigh bunaithe ar mheánlíon laethúil na gciontóirí i bpríosún le linn 2007. Tá líon na n-áiteanna do phríosúnaigh bunaithe ar líon na n-áiteanna i ngach institiúid ag deireadh Nollag 2007. Tá costas feidhme gach institiúide bunaithe ar costais reatha íarbhíre, i.e. pá, ragobair, bia, solas agus teas, cothabháil, etc. Áirítear ar na costais sin costais áirithe a bhíonn socraithe is cuma faoi líon na gciontóirí sna príosúin, e.g. líon na foirne, fónais, etc. Leithdháiltear costais na ceanncheathrún agus na seirbhíse larnaí amach thar fhorais na bpríosún chun costas in aghaidh an phríosúnaigh ag gach institiúid a ríomh. Níl caiteachas caipitil san áireamh sa ríomh chun gur féidir comparáid a dhéanamh idir costais aonair institiúide, cuireadh tionscadail áirithe faoi Focheannteideal B2 'oibreacha beaga agus tionscadail comhshaoil' san áireamh, áfach, go háirithe ag Cnoc an Arbhair, an Caisleán Riabhach, Teach Locháin agus Mainistir Shelton.

Creatlach Bainistíochta Eolais (MIF) a chur i bhfeidhm laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cur Creatlach Bainistíochta Eolais i bhfeidhm chun bainistíocht agus smacht feabhsaithe airgeadais a thabhairt isteach go dtí an tSeirbhís Phríosúin. Is é atá i gceist eagraíocht atá níos straitéisí a chur i gcrích a fhreastalaíonn ar chóras ceartais atá níos nua-aimseartha agus a dhéanann é ar shlí atá éifeachtach ó thaobh costais. Tá go leor codanna den MIF curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann go dtí seo a bhaineann go príomha le córais feabhsaithe cuntasáíochta a fhorbairt agus tá sí ag brú ar aghaidh le hoiliúint airgeadais do phríomhghrúpaí foirne.

Córas Bainistíochta Airgeadais

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag feidhmiú córas bainistíochta airgeadais de chuid Oracle ó mhí Iúil 2002. Le linn 2007, rinneadh dul chun cinn mór ar an tionscadal cláir sóchainní cothrom le dáta a bhunú ar chóras Oracle i ndáil leis na hinstiúidí IPS go léir. Déanfar clár ama a

Tábla 19: An Costas chun Príosúnach a Choimeád agus an Costas ar Áit Príosúnaigh de réir Institiúide in 2007

Institiúid	Costas chun Ciontóir a Choimeád (€)		Costas de réir Áit Príosúin (€)	
	2007	2006	2007	2006
Cnoc an Arbhair	93,000	81,400	91,400	80,600
An Caisleán Riabhach	86,200	76,700	86,500	72,800
Corcaigh	93,000	90,100	90,000	88,200
Cnoc Seimre	84,700	81,600	81,600	76,100
Luimneach	82,400	76,900	82,000	74,800
Teach Locháin	82,200	70,000	66,000	52,800
Príosún an Láir Tíre	88,600	81,900	81,800	79,300
Muinseo (Príosún na bhFear)	99,800	101,200	95,200	101,300
Dóchas (Príosún na mBan)	102,000	87,600	109,500	91,300
Port Laoise	269,800	247,200	152,700	150,500
Mainistir Shelton	107,800	95,200	100,600	81,400
Foras Naomh Pádraig	106,800	97,100	98,900	83,900
An tAonad Oiliúna	90,400	82,200	83,900	78,700
Príosún Chruithneachtáin	88,600	84,000	89,700	81,400
Meánchostas Foriomlán in aghaidh an Phríosúnaigh	97,700	91,700	91,800	85,800

chomhaontú in 2008 chun leathnú amach chóras Oracle laistigh den IPS a chur i gcrích.

Athbhreithnithe Caiteachais

Críochnaíodh an tríd athbhreithniú caiteachais i réimse an chaiteachais caipitil le linn 2007 agus foilsíodh é chomh maith. Bunaíodh Coiste Monatóireachta Caipitil chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a bhí sa tuarascáil.

An Láraonad Soláthair (CPU)

Le linn 2007, sholáthair CPU seirbhísí agus earraí chun tacú le cuspóirí straitéiseacha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá an fhreagracht ar an CPU comhairle a thabhairt maidir le ceisteanna soláthair agus iad a nuachóiriú i dteannta lena chinntiú go gcuirfeadh cleachtais tuairiscithe atá sainithe i dtreoirlínte na Roinne Airgeadais i bhfeidhm.

Maidir leis na príomhchomórtais tairisceana AE agus comórtais náisiúnta a ritheann an CPU, ritheadh iad chun bia, faibricí déanta as cadáis, creat oibreacha tógála, seirbhísí oiliúna foirne, seirbhísí lónadóireachta, seirbhísí tacsáí, seirbhísí glantóireachta agus slándála a sholáthar.

Bhí an CPU i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Gnómháireacht Soláthair an Rialtais maidir le riachtanais soláthair an IPS a chomhiomlánú. Mar thoradh air sin, bhí conarthaí soláthair ann do nithe ar nós gás nádúrtha, ola, éidí foirne, éidí altraí, éadach príosúnach, soláthairtí oifige, trealamh pearsanta cosanta, troscán, córacha leapa, soláthairtí feighlithe agus earraí éagsúla eile. Tá ról comhordaithe lárnach ag an Láraonad Soláthair chun riachtanais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bhunú do na nithe thuasluaite go léir.

Chomh maith leis sin, rinne an CPU bainistíocht leanúnach ar roinnt conarthaí lena n-áirítear conarthaí bia, trealamh aclaíochta, cothabhála fotachóipeálaithe agus conarthaí lena mbaineann. Bhí athbhreithnithe bliantúla praghais san áireamh ansin chomh maith mar a fhoráiltear dó faoi chonarthaí éagsúla.

Le linn 2007, chuir an CPU próiseas taithíoch agus oiliúna foirne i bhfeidhm d'fhoireann nua a bhí sannta chuig ár n-oifigí i gCluain Dolcáin chun dílárú Cheanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann go dtí an Longfort a éascú. Chuir an próiseas breisoiliúna le haistriú eolas corparáideach agus le faisnéis soláthair sa Stiúirtheacht ag eascairt as an bpróiseas dílárú.

Tá ról an CPU leathnaithe agus tá sé ag maoirsiú chur i bhfeidhm atheagrú Stórais na bPríosúin mar atá sainithe sa Bheart um Athrú Eagraíochta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Feidhmeanna Párolla

Áirítear ar phárolla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann bunphá, liúntais agus ragobair a íoc. Is ar Ionad Seirbhísí Roinnte Airgeadais den Roinn Díl agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Díl atá lonnaithe i gCill Airne a bhíonn an fhreagracht i gcomhair feidhmeanna íocaíochta. Tá an córas Ama agus Tinrímh comhtháite le córas párolla na Seirbhísí Roinnte Airgeadais i gCill Airne. Ligeann sé sin d'aistriú uathoibríoch sonraí pá go leictreonach idir an dá chóras.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil de réir an Achta ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur ceapadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugann siad ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta.

Tá na nósanna imeachta sin i bhfeidhm sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh na soláthróirí cuí ar an eolas agus íocadh an t-ús cuí leo.

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil i ndáil leis an tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2007.

(a) Cleachtais Íocaíochta

Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann íocaíochtaí do sholáthróirí de réir na dtéarmaí sonraithe sna sonraisc faoi leith nó de réir na gcoinníollacha sonraithe i gconarthaí aonair, más cuí. Ó 2002, is é 30 lá an gnáth-théarma.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

Méid Sonrais	Líon na Sonrasc	Méid Úis a Íocadh €
Faoi €317	22	218.83
Thar €317	577	25,109.15
Iomlán	599	25,327.98

(c) Céatadán foriomlán d'íocaíochtaí déanacha in aghaidh íocaíochtaí iomlána agus ús iomlán a íocadh.

Ba é 1.7% an céatadán foriomlán d'íocaíochtaí déanacha in aghaidh íocaíochtaí iomlána. Ba é €25,327.98 an t-ús iomlán a íocadh i ndáil le híocaíochtaí déanacha. Tá socruithe á ndéanamh chun a chinntiú go n-íoctar sonraisc in am agus i gcásanna go mbíonn ceisteanna faoi shonraisc, go gcuirtear soláthróirí ar an eolas chomh luath agus is féidir.

Íocaíochtaí le baill de Bhord Eatramhach Údaráis na bPríosúin

Fuair an Cathaoirleach oll-luach saothair €12,000 in 2007 i ndáil lena cathaoirleacht ar Bhord Eatramhach Údaráis na bPríosúin. Fuair baill eile den Bhord oll-luach saothair €7,000 in 2007 i ndáil lena mballraíocht ar an mBord Eatramhach. Mar fhostaithe poiblí lánaimseartha tuarastail, ní bhfuair triúr ball den Bhord Eatramhach luach saothair i ndáil lena mballraíocht ar an mBord Eatramhach.

Dámhachtainí Cúitimh agus Díobháil Choiriúil

Ba é €1.6m an caiteachas iomlán ar íocaíochtaí cúitimh in 2007 lena n-áirítear cásanna Scéim an Bhinse um Chúiteamh do Dhíobháil Choiriúil agus cásanna sibhialta cúitimh agus costais ghaolmhara.

Feidhmíonn an Binsé um Chúiteamh do Dhíobháil Choiriúil go neamhspleách ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tugann Seirbhís Phríosúin na hÉireann airgead d'aon dámhachtain a dhéanann an Binsé, áfach, d'oifigí phríosúin mar thoradh ar dhíobháil choiriúil a dhéantar dóibh agus iad i mbun a ndualgas Ba é €741,644 (€1,083,000 in 2006) an caiteachas iomlán i ndáil le cásanna an Bhinse um Chúiteamh do Dhíobháil Choiriúil in 2007.

Ghlac an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) an fhreagracht orthu féin bainistiú a dhéanamh ar fhormhór na n-éileamh agus chun déileáil leo ach iad a bheith i ndiaidh 1 Eanáir 2001. Leanann Aonad na nÉileamh de chuid Sheirbhís Phríósúin na hÉireann cásanna a thosaigh roimh 1 Eanáir 2001 a bhainistiú mar aon le líon beag d'éilimh shonracha. Bíonn Aonad na nÉileamh de chuid Sheirbhís Phríósúin na hÉireann i dteagmháil chomh maith leis an SCA maidir le cásanna a bhíonn idir lámha ag an SCA a bhainistiú.

Ba é €850,000 an caiteachas iomlán i ndáil le hÉilimh Shibhialta Cúitimh a bhí bainistithe ag Seirbhís Phríósúin na hÉireann agus an SCA in 2007, (€862,000 in 2006). Chinntigh an cur chuige réamhghníomach a bhí ag Aonad na nÉileamh de chuid Sheirbhís Phríósúin na hÉireann, i dteannta leis an gcabhair mhór ó lucht bainistíochta áitiúil agus rannpháirteachas gníomhach an SCA gurb é an t-íosmhéid de chaiteachas a bhí ann.

Teicneolaíocht Faisnéise

Rinne Seirbhís Phríósúin na hÉireann infheistíocht mhór in IT chun na príomhchórais feidhme a chur ar fáil chun Seirbhís Príosún nua-aimseartha a rith agus tá aghaidh tugtha aici ar nach mór gach réimse de riarachán na bpríosún. Is feidhm mhór IT í Seirbhís na bPríosún agus suas le 3,500 úsáideoir agus nach mór 1,500 ríomhaire pearsanta in 18 suíomh timpeall na tíre. Tá gach cuid de Sheirbhís na bPríosún nasctha le chéile trí líonra leathan limistéir rud a ligeann do phríomhchórais a bheith imscartha agus chuir sé go mór le cumas na heagraíochta faisnéis a roinnt.

I measc na gcóras a forbraíodh tá Córas Faisnéise um Thaifid na bPríosúnach (PRIS). Tá an córas i bhfeidhm i ngach príosún ó 2001 agus cuireann sé bealach cuimsitheach ar fáil chun faisnéis faoi dhaonra na bpríosún a thaifeadh agus a roinnt. Sna blianta amach romhainn, tá sé beartaithe go gcuirfidh an córas sin foinse luachmhar ar fáil faoi fhaisnéis staitistiúil maidir le treochtaí i gcomhdhéanamh dhaonra na bpríosún agus feidhmeoidh sé mar chabhair chun polasaí a dhéanamh sa réimse sin. Le linn 2007, cuireadh go mór leis an gcóras agus gnáthamh ríomha nua pianbhreithe forbartha. Tá an córas bunaithe go maith anois agus tá tairbhí móra gnó réadaithe don eagraíocht go dtí seo.

Rinneadh uasghrádú mór ar an gcóras Ama & Tinrimh in 2007, ar córas é a bhí nasctha le córas párolla i gCill Airne le linn 2005. Tá na hathruithe a rinneadh ag obair go maith anois agus ligeann siad do raon iomlán socrúithe leasaithe tinrimh agus íocaíochtaí faoin mBeart um Athrú Eagraíochta.

Tá Córas Taifid Leighis do Phríósúnaigh ríomhairithe forbartha do dhochtúirí, altraí agus foireann leighis eile a bhíonn ag obair i Seirbhís Phríósúin na hÉireann. Tá an córas leathnaithe amach anois agus tá an córas i bhfeidhm i ngach príosún le húsáid ag foireann leighis na bpríosúnach. Le linn 2007, cuireadh leis an gcóras arís, rud a chuireann feidhmíúlacht bhreisithe ar fáil d'fhoireann leighis Sheirbhís Phríósúin na hÉireann.

Tá conradh Thacaíocht IT ar bun chun leanúnachas gnó agus caighdeán seirbhíse a chinntiú trí fhoireann tacaíochta Chóras IT atá eisfhoinisithe go páirteach. Cuireann an tseirbhís tacaíocht d'úsáideoirí ar ardchaighdeán ar fáil do gach suíomh príosún ag baint úsáide as an bhfoireann tacaíochta IT atá ar conradh agus foireann IT intí de chuid Sheirbhís na bPríosún.

Rinneadh dul chun cinn mór sna réimsí seo a leanas in 2007 chomh maith:

- Cuireadh méid mór de chórais nua bainistíochta dhoiciméad IT ar bun;
- Baineadh feidhm as méid mór de threalamh agus infreastruchtúr nua IT;
- D'éirigh le seirbhís IT de chuid Sheirbhís Phríósúin na hÉireann a chur go dtí an suíomh nua ceanncheathrún sa Longfort;
- Tá athdhearadh den Líonra IT curtha i gcrích anois agus tá líonra nua-aimseartha láidir á chur i bhfeidhm;
- Tosaíodh ar thionscadal mór Prótacal Idirlín don Ghuthú (VOIP) leis an suíomh nua ceanncheathrún agus le go leor suíomhanna eile;

06 NA HINSTITIÚIDÍ 2007



Príosún Chnoc an Arbhair
Cnoc an Arbhair,
Baile Átha Cliath 7

Gobharnóir: Liam Dowling

An Gobharnóir Roimhe seo: Seán Quigley (Eanáir – Aibreán)

Próifíl

Is príosún dúnta meánslándála é Cnoc an Arbhair d'fhir idir 18 bliain d'aois agus níos sine a bhfuil pianbhreith níos mó ná dhá bhliain acu. Tá líon leapacha do 139 ann.

Daonra an Phríosúin

Is é 138 an meánlíon laethúil a bhíonn sa phríosún.



Príosún an Chaisleáin Riabhaigh,
Cluain Salach, an Caisleán
Riabhach, Co. Ros Comáin.

Gobharnóir: Daniel Scannell

Próifíl

Tá Príosún an Chaisleáin Riabhaigh sainithe mar phríosún cimithe do phríosúnaigh 17 mbliana d'aois agus níos sine do réigiún tíreolaíoch Chonnacht, agus do chontaetha an Longfoirt, an Chabháin agus Dhún na nGall. Tá líon leapacha do 228 cill ann.

Daonra an Phríosúin

Is é 230 príosúnach an meánlíon laethúil a bhíonn sa phríosún. Bhí 1,137 príosúnach curtha go dtí an príosún seo le linn na bliana anuas ar méid mór a bhí aistrithe ó phríosúin eile.



Príosún Chnoc Seimre
Bóthar Chnoc na Seamar, Cluain
Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.

Gobharnóir: Tom Somers

Próifíl

Is príosún meánslándála é Príosún Chnoc Seimre d'fhir fhásta réamhthrialach. Tá cóiríocht ann do 432 príosúnach agus cealla singile, dúbailte agus triaracha ann.

Daonra an Phríosúin

Bhí 4,258 duine san iomlán curtha go dtí Príosún Chnoc Seimre le linn na bliana. Ba é 418 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Príosún Chorcaí
Bóthar na Rátha Móire, Cathair
Chorcaí, Corcaigh.

Gobharnóir: Jim Collins

Próifíl

Is príosún cimithe dúnta meánslándála é Príosún Chorcaí do Chorcaigh, Ciarraí agus Port Láirge, d'fhir 17 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil pianbhreith suas go pianbhreith saoil acu. Tá líon leapacha do 268 sa phríosún.

Daonra an Phríosúin

Le linn na bliana, bhí 1,492 príosúnach san iomlán cimithe, nó aistrithe go Príosún Chorcaí. Bhí roinnt príosúnach suaiteach a raibh pribhléidí bainte dóibh i bpríosúin eile san áireamh ansin. Ba é 264 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Ionad Dóchas
An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile
Átha Cliath 7.

Gobharnóir: Kathleen McMahon

Próifíl

Is príosún dúnta meánslándála do mhná é Ionad Dóchas. Is príosún nua-aimseartha sainchuspóra é ina bhfuil cóiríocht ann do 81 bean i seacht dteach ar leith laistigh den choimpléasc. Agus roinnt athruithe do sheomraí déanta, tá an toilleadh méadaithe go 86.

Próifíl na bPríosúnach

Bhí 1,113 cimiú agus aistriú go hIonad Dóchas le linn na bliana. Ba é 92 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Teach Locháin
An Blaic, Co. an Chabháin

Gobharnóir: Catherine Comerford

Próifíl

Is ionad oscailte é Teach Locháin do chiontóirí fear ciontaithe 18 mbliana d'aois agus níos sine, a bhí aistrithe ó institiúidí eile. Tá líon leapacha do 105 ann agus is seomraí leapacha singile agus dúbailte den chuid is mó é an chóiríocht codlata.

Cimithe do 2006

Bhí 559 duine curtha go Teach Locháin in 2007. Ba é 87 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Príosún Luimnigh
Sráid Mulgrave, Luimneach.

Gobharnóir: Tadhg O'Riordan

Próifíl

Is príosún dúnta meánslándála cimithe é do phríosúnaigh fear agus ban 17 mbliana d'aois agus níos sine. Tá líon leapacha do 274 fear agus 20 bean ann. Is féidir príosúnaigh fear a chimiú ó chúirteanna i gcontaetha Luimnigh, Thiobraid Árann agus an Chláir amháin. Is féidir príosúnaigh ban a chur ann ó chúirteanna i sé chontae na Mumhan.

Próifíl na bPríosúnach

Bhí 1,269 cimiú ann le linn na bliana. Ba é 296 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Príosún an Láir Tíre
Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Port Laoise, Co. Laoise.

Gobharnóir: John O'Sullivan

Próifíl

Is príosún dúnta meánslándála é Príosún an Láir Tíre d'fhir idir 18 bliain d'aois agus níos sine a bhfuil pianbhreith suas go pianbhreith saoi acu. Is príosún cimithe é do phríosúnaigh fásta faoi phianbhreith ó chontaetha Chill Dara, Cheatharlach, Chill Chainnigh, Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Tá líon leapacha 465 áit sa Phríosún, i gcóiríocht cealla singil den chuid is mór agus líon beag cealla triaracha ann.

Daonra an Phríosúin

Rinneadh 334 príosúnach a chur go dtí Príosún an Láir Tíre in 2007. Ba é 442 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Príosún Mhuinseo
An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile
Átha Cliath 7.

Gobharnóir: John Lonergan

Próifíl

Is príosún dúnta meánslándála é Príosún Mhuinseo. Is príomhphríosún cimithe é do Chontae Bhaile Átha Cliath d’fhir 18 mbliana d’aois agus níos sine a bhfuil pianbhreith suas go pianbhreith saoil acu. Is príosún sainchuspóra é a bhfuil líon leapacha ann a mhéadaigh ó 480 ann ag tús na bliana go 540 faoi lár 2007. Is é príosún Mhuinseo an phianinstitiúid is mó sa Stát agus tá an líon is mó de phríosúnaigh faoi choimeád ann.

Daonra an Phríosúin

Bhí 1,251 cimiú go dtí Príosún Mhuinseo in 2006. Ba é 518 an meándaonra laethúil sa phríosún.



Mainistir Shelton
An tInbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.

Gobharnóir: Seamus Cramer

Próifíl

Is ionad oscailte coinneála é Mainistir Shelton do chiontóirí fear ó 19 mbliana d’aois agus níos sine.

Faigheann Mainistir Shelton príosúnaigh ó phríosúin dhúnta chun críoch a chur lena bprianbhreith. Cuirtear príosúnaigh fhadtéarmacha go dtí Mainistir Shelton chun iad a ullmhú sula scaoiltear saor iad. Is i suanliosanna den chuid is mó é cóiríocht codlata. Tá líon leapacha ann do 60.

Daonra an Phríosúin

Ba é 55 an meánlíon laethúil de phríosúnaigh a bhí sa phríosún.



Príosún Phort Laoise
Dublin Road, Portlaoise,
Co. Laois.

Gobharnóir: Edward Whelan

An Gobharnóir Roimhe seo: John Dooley (ar scor ó Mhárta 2007)

Próifíl

Is príosún dúnta ardslándála é Príosún Phort Laoise d’fhir 18 mbliana d’aois agus níos sine. Tá líon leapacha 198 sa Phríosún ach feidhmíonn sé faoi bhun lánacmhainne de bharr cúinsí slándála agus feidhme.

Daonra an Phríosúin

In 2007, ba é 117 meánlíon na bpríosúnach i bPríosún Phort Laoise, agus 22 cimiú go dtí an príosún sa bhliain.

Rinneadh cuid de na príosúnaigh a chimiú de bharr cionta treascracha. Bíonn príosúnaigh ann a ciontaíodh de bharr cionta a bhaineann le coir eagraithe a cuireadh go díreach go dtí an príosún, nó a cuireadh go háiteanna eile, ach de bharr cúrsaí slándála aistríodh iad go Príosún Phort Laoise.



Foras Naomh Pádraig
An Cuarbhóthar Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir: Seán Quigley

An Gobharnóir Roimhe seo: Seán Lennon (Eanáir – Aibreán)

Próifíl

Is áit choinneála dúnta meánslándála é Foras Naomh Pádraig d’fhir idir 16 agus 21 bliain d’aois. Tá líon leapacha do 216 ann.

Próifíl na bPríosúnach

Bhí 756 duine curtha chuig an bhForas le linn na bliana. Ba é 197 an meándaonra laethúil sa phríosún.



An tAonad Oiliúna
Paráid an Ghleanna Ghairbh,
Baile Átha Cliath 7.

Gobharnóir: John O'Brien

Próifíl

Is príosún leathoscailte ísealslándála é an tAonad Oiliúna d'fhir idir 18 bliain d'aois agus níos sine a bhfuil pianbhreith suas go pianbhreith saoil acu. De ghnáth, bíonn príosúnaigh fhadtéarmacha ag druidim le deireadh a bpianbhreithe. Tá cóiríocht sa phríosún do 96 príosúnach i seomraí singile.

Daonra an Phríosúin

Cuireadh 177 príosúnach chuig an Aonad Oiliúna in 2007. Ba é 91 an meándaonra laethúil sa phríosún.



**An Roinn um Sheirbhísí
Foirgneamh (BSD) de chuid
Sheirbhís Phríosúin na hÉireann**

Aonad 2, Eastát Tionsclaíoch
Airways, Clochrán,
Baile Átha Cliath 17.

Gobharnóir: George Victory

Is rannóg tacaíocht theicniúil é an Roinn um Sheirbhísí Foirgneamh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Cabhraíonn sé le gach príosún déileáil de réir a mbuiséid leithdháilte trí ullmhúchán cúramach sonraíochtaí, bainistíocht fuinnimh agus nósanna imeachta soláthair go léir a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, cuireann sé comhairle theicniúil ar fáil maidir le tionscadail tógála lena n-áirítear oibreacha caipitil do gach geallsealbhóir; feabhsaíonn sé córais nua agus córais atá ann cheana, mar aon le taighde a dhéanamh orthu agus iad a fhorbairt chun críche cur ar aghaidh iontaofa teicniúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá éifeachtach ó thaobh costais; agus tríd an Rannóg Glasála Ardslandála, cuireann sé dearadh, soláthar, suiteáil agus cothabháil ar fáil do na córais ghlása ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.



Príosún Chruithneachtáin
Bóthar Chnoc na Seamar, Cluain
Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.

Gobharnóir: Seán Lennon

An Gobharnóir Roimhe seo: Edward Whelan (Eanáir – Aibreán)

Próifíl

Is príosún dúnta meánslandála cimithe é do chiontóirí fear 18 mbliana d'aois agus níos sine ar athchur agus a bhfuil pianbhreith suas go pianbhreith saoil acu. Is é an príosún cimithe é do limistéir chúirte Chill Mhantáin, Loch Garman, Lú, na Mí, agus Mhuineacháin. Tá líon leapacha ann do 374.

Daonra an Phríosúin

Bhí 292 cimiú go dtí Príosún Chruithneachtáin in 2007. Ba é 376 an meándaonra laethúil sa phríosún.



**Ionad Oiliúna agus Forbartha
Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
(IPSTDC)**

Teach Beladd, Bóthar Bhaile Átha
Cliath, Port Laoise, Co. Laoise.

Gobharnóir: Joe McDermott

Is é ról IPSTDC tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh cuspóirí plean corparáideach agus gnó trí sheirbhísí oiliúna agus forbartha mar aon le hacmhainní chun freastal ar riachtanais agus tosaíochtaí oiliúna na seirbhíse agus riachtanais chomhaonaithe na foirne a chur i bhfeidhm. Áirítear air sin, polasaí agus straitéisí oiliúna agus forbartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, an fhís i gcomhair oiliúna agus forbairt don todhchaí a leagan amach agus meas a dhéanamh go leanúnach ar chaighdeán agus ar cháilíocht soláthar agus riarachán oiliúna.

Thosaigh 265 oifigeach príosúin earcaigh (RPO) agus naonúr oifigeach altranaís san iomlán oiliúint ag an IPSTDC in 2007. As na RPO, chríochnaigh 119 dóibh an clár ionductaithe oiliúna 9 seachtaine, agus ó Mheán Fómhair 2007, thosaigh 146 seimeastar 1 den Ardteastas i gCúram Coinneála (HCCC).



Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin (PSEC)

Príosún Chnoc Seimre, Bóthar Chnoc na Seamar, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.

Gobharnóir: Sylvester Salley

Is córas coimhdeachta comhordaithe príosúnach é PSEC a fheidhmíonn oifigigh príosúin laistigh den tSeirbhís Príosúin. Bunaíodh an cór ag deireadh 2005. Tá foireann 156 ann agus flít 52 sainfheithicil ceallach agus 19 feithicil neamhcheallach.

Is é príomhchúram na seirbhíse coimhdeacht a chur ar fáil go dtí gach cúirt i gCathair Bhaile Átha Cliath agus ar ais uathu chomh maith, go dtí gach cuairt chuarda agus cuairt dúiche sa tír ach clúdaíonn sé coimhdeachtaí idirphríosúin agus ospidéal chomh maith. Seasann leibhéal an chládaigh a chuireann PSEC ar fáil do choimhdeachtaí cuairte ag 93.8% anois.

Coimhdeachtaí Cuairte Clúdaithe ag PSEC ó Eanáir 2007 go Nollaig 2007

2007	Court	Coimhdeacht PSEC	% Coimhdeacht PSEC
Total	21,230	19,908	93.8

07 AGUISÍNÍ

Aguisín 1 : Gach Cimiú go príosúin agus ionaid choinneála i2007

Tábla 20: Cimiú go Príosúin, 2000 - 2007

Bliain	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Líon	11,626	12,127	11,860	11,775	10,657	10,658	12,157	11,934
Athrú	---	501	-267	-85	-1,118	1	1,499	-223
% athrú	---	4.3%	-2.2%	-0.7%	-9.5%	0.0%	14.1%	-1.8%

Nóta: Iomlán na gcimithe le linn na bliana (seachas daoine). Is sé is cimiú ann príosúnach ag teacht isteach as an nua le linn na bliana nó ateacht tar éis tréimhse taobh amuigh den phríosún. Ní áirítear cimiú in aon bhliain ar leith má bhí an duine faoi choimeád ar athchur cheana féin.

Tábla 21: Cimiú go Príosúin 2007 rangaithe de réir an cineál cimithe agus inscne

Committal Type	Bain.		Fireannach		Iomlán	
	n	%	n	%	n	%
Faoi Phianbhreith	435	7.6	5,280	92.4	5,715	47.9
Ar Athchur	535	10.8	4,432	89.2	4,967	41.6
Inimirce	386	30.9	863	69.1	1,249	10.5
Díspeagadh Cúirte Éiginnte	0	0.0	3	100.0	3	0.0
Iomlán	1,356	11.4	10,578	88.6	11,934	100.0

Tábla 22: Cimiú in aghaidh na míosa 2007

Eanáir	1,059
Feabhra	975
Márta	1,116
Aibreán	912
Bealtaine	1,011
Meitheamh	1,104
Iúil	1,120
Lúnasa	675
Meán Fómhair	885
Deireadh Fómhair	1,120
Samhain	1,073
Nollaig	884
Iomlán	11,934
Meán	995



Daoine a cimíodh go príosúin nó ionaid choinneála
Tábla 23: Daoine a cimíodh go príosúin 2001 go 2007

Bliain	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Líon	9,539	9,716	9,814	8,820	8,686	9,700	9,711
Athrú	---	177	98	-994	-134	1,014	11
% athrú	---	1.9%	1.0%	-10.1%	-1.5%	11.7%	0.1%

Baineann an t-eolas le daoine a cimíodh go príosúin as an nua (i.e. seachas a bheith ar athchur cheana féin nó ag fulaingt téarma eile)

Tábla 24: Aois agus inscne daoine a cimíodh go príosúin i 2007

Aois (blianta)	Bain.	Fireannach	Iomlán	%
15	0	1	1	0.0
16	0	100	100	1.0
17	5	141	146	1.5
18 - 21	142	1,164	1,306	13.4
21 - <25	216	1,831	2,047	21.1
25 - <30	265	1,835	2,100	21.6
30 - <40	355	2,171	2,526	26.0
40 - <50	133	949	1,082	11.1
50+	39	364	403	4.1
Iomlán	1,155	8,556	9,711	100.0
%	11.9	88.1	100.0	-

Tábla 25: Loicigh Fhineála/Féichiúnaithe

Cineál	Bain.		Fireannach		Iomlán	
	n	%	n	%	n	%
Féichiúnaithe	19	10.4	182	13.4	201	13.1
Pianbhreith Fhíneála	163	89.6	1,172	86.6	1,335	86.9
Iomlán	182	100.0	1,354	100	1,536	100

Tábla 26: Líon faoi choimeád in aghaidh na míosa i 2007 (ar an 15ú de gach mí nó ar an lá oibre is luaithe ina dhiaidh sin.)

Phrionúin	Ean	Feab	Mar	Aib	Beal	Meit	Iúil	Lún	MnF	DrF	Sam	Noll	Meán
Cnoc an Arbhair	139	139	138	139	138	139	138	139	139	139	139	139	139
An Caisleán Riabhach	224	232	230	231	235	241	227	228	207	222	233	244	230
Cnoc na Seime	414	390	395	443	422	429	442	418	407	457	444	406	422
Corcaigh	256	270	272	251	262	272	265	250	260	258	278	266	263
Luimneach (b)	18	20	15	21	17	15	19	16	21	21	17	22	19
Luimneach (f)	268	269	281	280	283	290	295	280	279	268	288	278	280
Teach Locháin	66	101	97	83	96	99	94	96	85	70	77	86	88
Lár Tíre	436	433	438	434	437	446	448	444	445	446	448	452	442
Muinseo (b)	112	103	97	97	94	102	84	88	91	83	93	90	95
Muinseo (f)	452	486	495	503	534	533	555	529	512	526	551	558	520
Port Laoise	118	116	117	117	116	113	116	124	121	119	114	118	117
Mainistir Shelton	55	57	58	53	57	49	54	59	55	56	60	56	56
Naomh Pádraig	193	203	189	186	193	203	196	199	202	196	208	183	196
Aonad Traenála	88	92	95	91	91	92	96	83	80	82	94	90	90
Gort na Cruithneachta	377	374	383	383	384	375	381	373	375	362	376	372	376
Iomlán	3,216	3,285	3,300	3,312	3,359	3,398	3,410	3,326	3,279	3,305	3,420	3,360	3,331

Aguisín 2 : Staidreamh maidir le daonra príosúin ar 5 Nollaig 2007**Tábla 27: Daoine faoi choimeád ar 5 Nollaig 2007 -- de réir aoise**

	16	17	18 - < 21	21 - < 25	25 - < 30	30 - < 40	40 - < 50	50+	Iomlán
Dúnmharú	0	0	3	20	38	75	55	37	228
Dúnorgain	0	0	7	18	13	30	9	7	84
Cionta gnéis	0	0	8	13	35	33	63	85	237
Cionta in aghaidh an Duine	2	3	83	113	92	72	32	8	405
Cionta in aghaidh Sealúis le forneart	0	0	7	14	14	36	12	3	86
Cionta in aghaidh sealúis gan fhorneart	4	8	95	190	166	171	50	12	696
Cionta Drugaí	1	0	29	71	127	165	55	23	471
Cionta Tráchta Bóthair	3	5	35	50	48	35	10	5	191
Cionta Eile	0	5	30	61	79	76	28	19	298
Iomlán	10	21	297	550	612	693	314	199	2696

Tábla 28: Próifíl Chionta Príosúnach faoi choimeád ar 5 Nollaig 2007

Grúpa1:Cionta in aghaidh an Duine	Bain.	Fir.	Iomlán
Dúnmharú	5	223	228
Dúnorgain	4	80	84
Cionta Gnéis	0	237	237
Cionta Eile ina aghaidh an Duine	8	397	405
Iomlán Grúpa 1	17	937	954
Grúpa 2: Cionta in aghaidh Sealúis le forneart	0	86	86
Grúpa 3 : Cionta in aghaidh Sealúis gan fhorneart	17	697	696
Grúpa 4: Cionta Eile			
Cionta Drugaí	23	449	472
Cionta Tráchta Bóthair	1	189	190
Cionta Eile	8	290	298
Iomlán Grúpa 4	32	928	960
Iomlán	66	2,630	2,696

Tábla 29: Daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2007 - Cionta de réir fhad an téarma

	< 3 Mhí	3 - < 6 Mhí	6 - < 12 Mhí	1 - < 2 Bl	2 - < 3 Bl	3 - < 5 Bl	5 - < 10 Bl	10+ Bl	Saol	Iomlán
Dúnmharú	0	0	0	0	0	0	0	4*	224	228
Dúnorgain	0	0	0	1	1	5	49	26	2	84
Cionta Gnéis	0	0	2	18	14	38	97	59	9	237
Cionta Eile in aghaidh an Duine	1	18	40	77	69	99	80	18	3	405
Cionta in aghaidh Sealúis le forneart	0	1	1	0	9	20	30	25	0	86
Cionta in aghaidh Sealúis gan fhorneart	9	37	103	129	116	169	122	10	1	696
Cionta Drugaí	6	2	28	38	47	103	187	60	0	471
Cionta Tráchtá Bóthair	6	39	42	47	24	24	8	1	0	191
Cionta Eile	35	29	59	42	13	58	57	5	0	298
Iomlán	57	126	275	352	293	516	631	207	239	2,696

4* = 4 ar gearradh téarma 40 bliain orthu as ‘Dúnmharú Báis’

Tábla 30: Féichiúnaithe agus Loicigh Fhíneálacha faoi choimeád ar 5 Nollaig 2007

Féichiúnaithe/Fhíneálach	Bain.	Fireannach	Iomlán
Féichiúnaithe	0	5	5
Pianbhreith Fhíneálacha	0	11	11
Iomlán	0	16	16

Aguisín 3: Rialacha comhairimh agus cleachtas taifeadtha

Cuireadh na táblaí staidrimh seo le chéile ar bhonn na rialacha comhairimh agus cleachtais taifeadtha seo leanas. The statistical tables in this annual report were compiled on the basis of the following counting rules and recording practices

Comhaireamh ar chimíú

Nuair a cimítear duine ar nós mó ná ócáid amháin sa bhliain áirítear eisean nó ise uair amháin do gach teacht isteach. Ach nuair a ghearrtar téarma príosúntachta breise ar dhuine atá ag fulaingt téarma cheana féin ní áirítear é sin mar theacht isteach breise.

Taifeadadh ar chionta

I gcás go gcimítear duine faoi phianbhreith do nós mó ná cion amháin, ní áirítear ach an príomhchion sna táblaí. Is é an cion a meastar mar an príomhchion an cion ar a daoradh an téarma is faide.

Aois ciontóirí

Is í an aois a luaitear sna táblaí mar aois an chiontóra a aois ar dháta an chimithe.

Treoir do cheanteidil tháblaí

I dtáblaí a baineann le haois, léirítear an aoisréimse mar 16, 17, 18 níos lú ná 21, 21 níos lú ná 25, etc. Is é an nós a úsáidtear go gciallaíonn ‘18 níos lú ná 21’ mar shampla, aois idir 18 mbliana go 20 bliain agus 364 laethanta d’aois.

I gcás táblaí a bhaineann le fad téarmaí e.g., 3 mhí - <6 mhí, 1 bhliain - <2 bhliain, is é an nós go gciallaíonn ‘3 mhí - <6 mhí’ téarma 90 lá go lá níos lú ná 6 mhí fhéilire, agus ciallaíonn ‘1 bhliain - <2 bhliain’ téarma ó bhliain fhéilire amháin go lá níos lú ná dhá bhliain fhéilire.

Rangú cionta

Rangaíonn an tuarscáil seo 1,400 cionta i gceithre ghrúpa, i.e. cionta in aghaidh an duine, cionta in aghaidh sealúis le forneart, cionta in aghaidh sealúis gan fhorneart agus cionta eile. Tá sonraí ar chionta a chuimsítear i ngach grúpa ar fáil ó Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Bóthar Bhéal Átha na Lao, An Longfort. E-mail: info@irishprisons.ie

